AN ROINN
TALMHAÍOCHTA AGUS BIA
THE DEPARTMENT OF AGRICULTURE & FOOD

agraifhís
2015

pleangníomhaíochta

Clár

1	An Dúshlán a bhaineann le hAthrú	2
2	Ár bhFís le go nÉireoidh Linn	4
	Margadh Agraibhia Athraithe	5
	Tiománaithe Rathúlachta: Iomaíochas, Nuálacht agus Fócas-tomhaltóirí	6
3	Ag Díriú ar an Tomhaltóir	8
	Sábháilteacht Bia	9
	Ardchaighdeán Bia	10
	Aghaidh a Thabhairt ar Ábhar Imní Tomhaltóirí	11
	Cothú	11
4	Ag cur lenár mBonn Eolais	12
5	Iomaíochas a Láidriú	16
	An Earnáil Beostoic agus Feola	20
	Déiríocht	22
	Foraoiseacht	23
	Bithbhreoslaí	24
	Barraí	25
	Gairneoireacht	25
	Orgánaigh	26
6	Todhchaí Inbhuanaithe a Chur Chun Cinn	28
	Sláinte agus Leas Ainmhithe agus Sláinte Plandaí	29
	Forbairt Tuaithe CAP	31
	Táirgeadh atá Inbhuanaithe don Chomhshaol	32
7	An Plean Gníomhaíochta a Fheidhmiú	34

1. An Dúshlán a bhaineann le hAthrú

"Bia sábháilte, d'ardchaighdeán, cothaíoch a bhíonn táirgthe ar bhealach inbhuanaithe, a sheachadadh chuig tomhaltóirí atá ar an eolas i margaí ardluacha, an bealach is fearr do thionscal bia na hÉireann sa todhchaí"

Mary Coughlan

An tAire Uí Chochláin

An Dúshlán a bhaineann le hAthrú

Tá an Plean Gníomhaíochta seo bunaithe ar dhearcadh dearfach dea-bhunaithe maidir lenár gcumas a bheith san iomaíocht agus buachan i margaí bia na hEorpa agus ar mhargaí bia an domhain, margaí atá ag éirí níos iomaíche, níos nuálaí agus a bhíonn ag éileamh níos mó i gcónaí.

Is í earnáil agraibhia na hÉireann an earnáil eacnamaíochta dhúchasach is tábhachtaí agus is fearr a bhfuil ag éirí léi sa tír seo. Léirigh an earnáil san am a caitheadh go bhfuil sí in ann buntáiste a bhaint as na deiseanna a thagann as athrú. Is é an dúshlán atá romhainn anois ná deiseanna a lorg i dtimpeallacht ina bhfuil forbairtí ollmhóra tarlaithe san AE agus i mbeartas trádála ar fud an domhain, athruithe ollmhóra i margaí bia a bhíonn faoi stiúir stíl bheatha agus fachtóirí teicneolaíochta, agus binsemharcanna nua d'fheidhmíocht in eacnamaíocht agus sochaí na hÉireann atá athraithe. Chun go n-éireoidh linn sa timpeallacht sin, beidh gá le cultúr a bheidh dírithe ar fhiontraíocht, ar nuálacht agus ar éifeachtúlacht. Ní sheasfaidh dearcaí agus cur chuigí seanchaite in éadan iomaíochais.

Tuigtear é sin go forleathan ag gach leibhéal sa tionscal agraibhia. Ón bhfeirm go dtí an ollmhargadh, aithníonn na daoine sin a mbraitheann a slí mhaireachtála ar ár gcumas táirgí bia a dhíol le tomhaltóirí leagan amach forleathan den méid atá le déanamh. Tuigeann siad nach mór dár bhfócas ar éifeachtúlacht agus ar iomaíochas a bheidh gan staonadh ag gach céim den slabhra luacha, agus ní mór dúinn an chruthaitheacht, an tsolúbthacht agus an fiontar a bheith ionainn chun na nithe a theastaíonn ón tomhaltóir a tháirgeadh, agus ní na nithe sin a theastaigh uathu san am a caitheadh. Ní mór do gach duine san earnáil, feirmeoirí san áireamh, a bheith cinnte béim a chur ar nuálacht ó thaobh fhorbairt táirgí, agus teicneolaíochtaí táirgí.

Ní mór don earnáil a chinntiú agus an clár oibre tráchtála seo á leanúint go mbíonn gach a dhéantar inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil, go sóisialta agus go heacnamúil de agus go mbeidh meas ar riachtanais na sochaí níos leithne. Go deimhin, tá sé sin riachtanach le go n-éireoidh leis an earnáil go tráchtála. Bia sábháilte, d'ardchaighdeán, cothaíoch a bhíonn táirgthe ar bhealach inbhuanaithe, a sheachadadh chuig tomhaltóirí atá ar an eolas i margaí ardluacha, an bealach is fearr do thionscal bia na hÉireann sa todhchaí.

Is tráth dúshlánach ach uathúil don earnáil é an tráth seo. Tá deis againn fás agus forbairt agus ag an am céanna tá cinnteacht chuid mhaith ag feirmeoirí trí thacaíochta ioncaim dhíreacha.

Leagann an Plean seo amach gníomhartha atá riachtanach anois lena chinntiú go n-éireoidh linn sa todhchaí. Tá tionchar ag an anailís a sholáthraíonn Coiste Agraifhís 2015, faoi chathaoirleacht Alan Dukes, go háirithe mar aon le hábhar ó fhoinsí éagsúla leathana eile. Ní é cuspóir an Phlean cur tuilleadh leis an méid anailíse a bhíonn á dhéanamh, ach na gníomhartha atá riachtanach anois a chur ar bun. Cé go ndírítear ar na saincheisteanna sonracha a mbeidh gníomhaireachtaí stáit ag tabhairt aghaidh orthu, tá sé riachtanach go n-aithneodh gach rannpháirtí san earnáil a ról agus go gcomhlíonfaidh siad an ról sin sa phróiseas athraithe.

Is féidir linn a chinntiú le chéile go leanfaidh an earnáil agraibhia idir fheirmeoireacht, deochanna agus tionscal adhmaid de ról ríthábhachtach a bheith aici ó thaobh fhorbairt inbhuanaithe na tíre seo.

2. Ár bhFís le go nÉireoidh Linn

"Baineann tionscal a bhainfidh amach na leibhéil is airde éifeachtachta, iomaíochais agus freagarthachta ó thaobh éilimh an mhargaidh agus ag an am céanna omós againn don chomhshaol fisiciúil agus feabhas a chur air lenár bhfís"

Ár bhFís le go nÉireoidh Linn

Tá an Plean seo bunaithe ar ár bhfís d'earnáil agraibhia a bheidh dírithe ar thomhaltóirí agus a bheidh iomaíoch, a chuirfidh le heacnamaíocht, le sochaí agus le timpeallacht tuaithe bríomhar agus a bhainfidh leas as deiseanna i réimsí neamhbhia freisin. Tá sé mar aidhm aige na polasaithe cearta a bhunú agus a fheidhmiú le go n-éireoidh leis an tionscal agraibhia trí gach céim den táirgeacht. Níl aon dabht ach go bhfuil an deis ann feabhas a chur ar an earnáil as seo go ceann deich mbliana.

Chomh maith leis sin tá tábhacht ag baint le cumas na hearnála cuidiú le réimse earraí poiblí. Is féidir cur leis an nasc idir táirgeadh talmhaíochta agus earraí poiblí mar thírdhreach, oidreacht, bithéagsúlacht agus laghdú ar astuithe gáis téamhcheaptha trí níos mó rannpháirtíochta. Baineann tionscal a bhainfidh amach na leibhéil is airde éifeachtachta, iomaíochais agus freagarthachta ó thaobh éilimh an mhargaidh agus ag an am céanna omós againn don chomhshaol fisiciúil agus feabhas a chur air lenár bhfís.

Margadh Agraibhia Athraithe

Tá athrú tagtha ar an earnáil eagraibhia le roinnt blianta de bharr:

- Athruithe suntasacha i margaí bia na hEorpa agus i margaí bia idirnáisiúnta,
- Éabhlóid ollmhór ar Bheartas AE ar thalmhaíocht agus ar fhorbairt tuaithe,
- Méadú an AE agus na hathruithe agus na deiseanna a sholáthraíonn sé sin, agus
- Athruithe struchtúrtha in Éirinn, ag teacht i bpáirt as ár bhfás eacnamaíochta tapa.

Tá na hathruithe ar bhlais agus ar éilimh tomhaltóirí, ar threochtaí margaidh agus ar mhargadh idirnáisiúnta ag leanúint ar aghaidh agus leanfaidh an CAP ag éabhlú chun freagairt don timpeallacht seo a bhíonn ag athrú go síoraí. Is é an toradh atá ar na hathruithe sin ná margaí tráchtearraí AE agus domhanda atá i bhfad níos iomaíche mar aon le margaí táirgí bia atá níos casta agus níos nuálaí i gcónaí. Tá athruithe ag tarlú freisin sa slabhra bia. Tá siad sin ag síneadh ó dhlúthú i measc na mórstórtha miondíola móra go forbairt margaí niche agus margaí feirmeoirí. Tá margadh atá dúshlánach agus dian cheana féin ag éirí níos dúshlánaí agus níos déine fós. Treiseofar an treocht sin níos mó fós leis na torthaí a bheidh le caibidlíocht WTO. Cuirfidh sin deiseanna ar fáil d'earnáil agraibhia na hÉireann, agus ní mór di buntáiste a bhaint astu, agus beidh dúshláin ann a bheidh siad ábalta a bhaint amach.

Beidh gá le hathrú sa tionscal ag gach leibhéal áfach ionas go n-éireoidh linn sa timpeallacht nua seo. Ní mór dúinn iad seo a leanas a dhéanamh go háirithe:

- An buntáiste is mó a bhaint as an tsaoirse a bheith i mbun feirmeoireachta don mhargadh amháin a thiocfaidh as díchúplâil na n-íocaíochtaí díreacha feirme,
- Díriú ar riachtanais na dtomhaltóirí ag gach céim sa slabhra luacha, go háirithe na caighdeáin is airde ó thaobh sábháilteacht bia a chinntiú, cáilíocht chomh maith le raon agus cineál an táirge,
- Leanúint ar aghaidh agus cur leis an bpróiseas d'athrú próisis ag leibhéal na feirme agus ag leibhéal an phróiseálaí chun na struchtúir is iomaíche agus is féidir a bhaint amach,
- A chinntiú go bhforbrófar bonn eolais agus scileanna teicniúla na hearnála chun go mbeidh sí ar thús cadhnaíochta go domhanda, agus
- Na hinniúlachtaí sin a mheaitseáil le fócas fiontraíochta chun an leas is mó a bhaint as gach deis margaidh.

Ní mór leanúint leis an gcur chuige dírithe, tráchtála sin ar shlí a bhíonn inbhuanaithe ó thaobh na heacnamaíochta, ó thaobh an chomhshaoil de agus ó thaobh na sochaí. Is ionann ár dtalamh feirme agus 72% de limistéar talún na tíre. Is é mar sin an príomhfhachtóir a rialaíonn ár dtírdhreach fisiciúil, agus is acmhainn nádúrtha luachmhar agus tábhachtach é. Aithnítear cumas na hearnála cur go dearfach ó thaobh sochair chomhshaoil agus shóisialta níos leithne i "múnla talmhaíochta na hEorpa". Tá sin treisithe ag maoiniú poiblí an-suntasach de thart ar €3 billiún in aghaidh na bliana,

a leanfaidh ag tacú le hinmharthanacht teaghlaigh feirme agus a spreagann soláthar comhshaoil agus sochair eile don phobal níos leithne.

Tá tacaíocht phoiblí do sholáthar earraí poiblí agus chun athrú agus oiriúnú struchtúrtha a spreagadh, comhoiriúnach go hiomlán le gnó na feirmeoireachta agus táirgeadh bia, agus go deimhin is féidir leo éascú leo. Níor chóir don tacaíocht sin fócas tráchtála na hearnála a laghdú.

Tiománaithe Rathúlachta: Iomaíochas, Nuálacht agus Fócas-tomhaltóirí

Onnmhairaíonn an earnáil móramh den méid a tháirgítear. Chun leanúint ar aghaidh agus fás ní mór di a bheith ardiomaíoch ar mhargaí AE agus idirnáisiúnta. Ní rogha a bhíonn i gceist le hiomaíochas d'earnáil a bhíonn dírithe ar onnmhairiú. Is príomhchuspóir é a bhfuil an plean seo bunaithe air. Is é an dara bunús don phlean, atá gaolmhar leis an gceann thuas, ná nuálacht. Is earnáil eolasbhunaithe, shofaisticiúil é an tionscal bia nua-aimseartha ina bhfuil dul chun cinn teicneolaíochta leanúnach agus nuálacht táirgí seasta.

An tríú piléar den Phlean seo ná margaíocht dírithe ar an tomhaltóir. Chun go n-éireoidh linn, i margadh atá ag éirí níos dúshlánaí i gcónaí, ní mór dúinn a bheith iomaíoch agus nuálach, ní mór dúinn tuiscint a bheith againn ar cad a theastaíonn ó thomhaltóirí agus a bheith ábalta sin a dhíol leo.

Dá réir sin, tá an plean seo dírithe go dlúth ar an gcuspóir a chinntiú go mbeidh earnáil agraibhia na hÉireann chomh maith leis na cinn is fearr san AE agus sa domhan i dtéarmaí iomaíochais, nuálachta agus margaíochta.

Is céimeanna praiticiúla iad na gníomhartha atá leagtha amach sa phlean seo is féidir le rannpháirtithe a thógáil agus nach mór dóibh a thógáil chun an cuspóir seo a bhaint amach.

Tá an cuspóir seo réalaíoch agus is féidir é a bhaint amach má leanaimid leis le dóthain samhlaíochta, cinnteachais agus scileanna fiontraíochta. Tá earnáil agraibhia a bhfuil ag éirí go maith léi againn cheana féin agus onnmhairítear táirgí le luach os cionn €7 billiún sa bhliain anois i gcomparáid le €6.3 billiún i 1999. Sa bhreis air sin, téann beagnach 74% de na honnmhairithe sin chuig 15 margadh AE ardluacha agus is bianna ullmhaithe do thomhaltóirí nó comhábhair bia iad 22% de na honnmhairithe iomlána. Sin athrú suntasach ón íomhá thraidisiúnta d'Éirinn mar onnmhaireoir tráchtearraí beostoic ar phraghas íseal agus soláthraíonn sé bonn láidir ina bhféadfaimid cur leis sa todhchaí.

Leanann an earnáil agraibhia de bheith ar cheann de na gnéithe dúchasacha monaraíochta is tábhachtaí agus is dinimicí i ngeilleagar na hÉireann. Tá an earnáil comhdhéanta de 135,000 feirm teaghlaigh agus os cionn 800 aonad tionsclaíochta atá scaipthe ar fud na tíre. B'ionann an earnáil i 2004 agus 9% den GDP, fostaíocht agus onnmhairithe. De bharr an chlaonadh onnmhairithe láidir atá ann agus an méid íseal allmhairithe, tá an earnáil freagrach as cion níos airde de ghlanthuillimh coigríche. Cé go bhfuil laghdú beag tagtha ar a tábhacht ábharthach sa gheilleagar, de bharr chomh tapa agus a mhéadaigh roinnt de na hearnálacha eile le roinnt blianta anuas, tá sí fós mar chuid riachtanach dár rathúlacht náisiúnta. Tá an Plean seo bunaithe ar mheasúnú dea-bhunaithe agus réalaíoch gur féidir leis an earnail agraibhia sa tír seo leanúint ar aghaidh le príomhról a bheith aici inár bhforbairt náisiúnta agus gur féidir léi todhchaí mhaith agus rathúil a bheith aici má dhéanaimid an méid is gá le bheith rathúil.

Sna codanna a leanas den phlean seo, leagfaimid amach réimse leathan gníomhartha a bheidh ag teastáil chun ár bhfís do thodhchaí rathúil a bhaint amach. Déanfaidh gníomhaireachtaí Rialtais go leor de na gníomhartha seo, ach is í an earnáil phríobháideach atá freagrach as cuid de na cinn is tábhachtaí, cibé i bhfeirmeoireacht nó i dtionscal. Beidh ról i bhfad níos lú ag fóirdheontais tráchtála sa todhchaí; braithfidh mar a éireoidh nó nach n-éireoidh linn ar scileanna agus ar fhuinneamh ghnóthaí príobháideacha de gach uile méid agus ag gach leibhéal san earnáil.

3. Ag Díriú ar an Tomhaltóir

"Tá todhchaí thionscal bia na hÉireann nasctha go dlúth leis an méid a fhreastalóidh sé ar éilimh thomhaltóirí ar tháirgí bia a bheidh sábháilte, d'ardchaighdeán, a bheidh nuálach agus a bheidh ar phraghas iomaíoch"

Ag Díriú ar an Tomhaltóir

Tá freastal ar riachtanais na dtomhaltóirí mar chuid lárnach de bheartas talmhaíochta agus tá sé riachtanach d'fhorbairt na hearnála agraibhia. Tá an peirspictíocht sin lárnach do na leasuithe déanacha ar CAP. Ciallaíonn an t-athrú ó thacaíochtaí margaidh agus díchúpláil tacaíochta ioncaim le déanaí go mbeidh feirmeoirí agus an earnáil agraibhia ábalta díriú níos mó agus níos mó ar na nithe a theastaíonn ón tomhaltóir a tháirgeadh. Chomh tábhachtach céanna ó thaobh an tomhaltóra de, ná go bhfuil sé i gceist go gcinnteoidh coinníollacha comhshaoil agus sláinte agus leas ainmhithe atá á gceangal leis an Íocaíocht Aonair go gcomhlíonfar éilimh na sochaí sna réimsí sin.

Caitheann gníomhaireachtaí stáit a bhíonn ag obair leis an earnáil, lena n-áirítear DAF, Bord Bia, Teagasc agus Fiontaíocht Éireann agus Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (FSAI) go leor dua agus acmhainní lena chinntiú go mbeidh na córais rialála cuí agus tacaíochta, an t-eolas do thomhaltóirí agus riachtanais eile bunaithe chun riachtanais na dtomhaltóirí nua-aimseartha a chomhlíonadh. Tá sé sin ríthábhachtach do thír onnmhairithe bia ar nós na hÉireann.

Fanfaidh córais sábháilteachta bia éifeachtacha de bheith lárnach ó thaobh chumas an tionscail bhia na ráthaíochtaí a theastaíonn ó thomhaltóirí a thabhairt dóibh, agus tá fócas níos mó anois freisin ar na saincheisteanna gaolmhara d'ardchaighdeán bia agus luach cothaithe. Tá todhchaí thionscal bia na hÉireann ag brath go dlúth ar an méid a fhreastalóidh sé ar éilimh thomhaltóirí ar tháirgí bia a bheidh sábháilte, cothaitheach, d'ardchaighdeán, a bheidh nuálach agus a bheidh ar phraghas iomaíoch. Ní mór éilimh chustaiméirí a shásamh freisin go gcuirtear a gcuid bia ar fáil ag baint leasa as ardchaighdeáin chomhshaoil agus leas ainmhithe.

Sábháilteacht Bia

Leanann sábháilteacht bia mar ábhar ríthábhachtach do shláinte an tomhaltóra agus do thodhchaí an tionscail bia.

Tá gach duine sa slabhra luacha freagrach as sábháilteacht bia, 'ón bhfeirm go dtí an forc". Ní fheádfar na caighdeáin arda atá riachtanach faoin dlí agus sa mhargadh a choimeád ach amháin má bhíonn gach duine páirteach. Is an tionscal atá an chéad fhreagracht maidir le sábháilteacht bia agus comhlíonadh reachtaíocht nua Sláintíochta, Beathaithe agus Bia. Oibríonn DAF i gcomhar le FSAI lena chinntiú go soláthraítear ionchur riachtanach an stáit trí chigireachtaí agus gníomhaíochtaí agus bearta eile ag leibhéal na feirme agus ag leibhéal na próiseála araon. Tá sé mar thosaíocht ag an Rialtas a chinntiú go n-oibríonn gníomhaireachtaí stáit le chéile chun seachadadh neamhbhriste de chórais rialaithe sábháilteacha bia a sheachadadh. Chun freastal ar riachtanais saotharlainne an stáit, tá saotharlanna lárnaithe le trealamh den scoth curtha ar fáil ag an stát i mBacastún a fhreastalóidh ar riachtanais shaotharlainne an Stáit chomh fada agus is léir amach anseo.

- Glacfaidh an DAF ról forghníomhach chun tosaíocht a thabhairt do thionscnaimh shábháilteachta bia agus iad a sheachadadh i gcomhar leis an FSAI agus BiaSlán, an comhlacht sábháilteacht bia uile-oileánda.
- Cuirfidh DAF agus na gníomhaireachtaí eile atá rannpháirteach na bearta riachtanacha ar bun lena chinntiú go bhfeidhmeofar reachtaíocht Bia agus Beathaithe AE, lena n-áirítear Pacáiste Sláinteachais go hiomlán.
- Tacóidh DAF le taighde agus cláir a éascóidh measúnú cruinn ar rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann ó éilleáin bhia nó ábhar truaillithe in aiste bia tomhaltóirí.
- Déanfaidh DAF breisfhorbairt ar chórais reatha ar inriantacht ainmhithe ag teacht le hábhar imní sláinte agus tomhaltóirí a bheidh ag teacht chun cinn.
- I gcomhar leis an FSAI agus An Roinn Sláinte agus Leanaí, cinnteoidh DAF go mbeidh an leibhéal is airde seirbhísí saotharlainne ar fáil chun caighdeáin sábháilteachta bia a choimeád. Ina thaobh sin, déanfar breisfhorbairt ar shaotharlanna lárnaithe na Roinne seo ag Bacastún agus úsáidfidh DAF agus an tionscal agraibhia é mar ionad eolaíocht bhunaithe.
- Feidhmeoidh DAF Rialacháin Míochainí Tréidliachta agus Leigheasanna Ainmhithe chun cosaint a thabhairt do thomhaltóirí ó nochtadh d'orgánaigh a bhféadfadh dochar a bheith iontu.

Ardchaighdeán Bia

De bharr riachtanais sláinte poiblí agus ionchais tomhaltóirí glactar leis go bhfuil sábháilteacht bia 'ann' agus feictear go bhfuil ardchaighdeán bia mar fhachtóir iomaíochta tábhachtach san earnáil bhia níos mó ná riamh cheana. Is gnéithe bunúsacha iad gnóthachtáil agus margaíocht binsemharcála aitheanta ó thaobh ardchaighdeán bia le go bhféadfar freastal ar éilimh thomhaltóirí nua-aimseartha agus dá réir sin cuirtear le scair an mhargaidh bia agus ábhar bia na hÉireann i margaí náisiúnta agus i margaí idirnáisiúnta atá tábhachtach go straitéiseach.

Tugann dearbhú cáilíochta muinín breise do chustaiméirí faoi chúlra, ionracas agus inriantacht tháirgí. Bhí Bord Bia gníomhach ag feidhmiú scéimeanna dearbhaithe cáilíochta sna hearnálacha mairteola, muiceola, éanlaithe, uibheacha agus gairneoireachta agus tá obair ag leanúint ar aghaidh chun caipitliú ar mhargaíocht a dhéanamh ar luach na scéimeanna sin. Tá infheistíocht ollmhór déanta ag DAF cheana féin chun córais inriantachta ainmhithe sofaisticiúla a fhorbairt agus a fheidhmiú mar bhonn taca do riachtanais sábháilteachta agus dearbhaithe cáilíochta araon.

- Leanfaidh DAF ag cur sárchleachtas ó thaobh sábháilteachta agus ardchaighdeán bia chun cinn, ag aithint a dtábhacht do thomhaltóirí agus an buntáiste iomaíochta a sholáthraíonn cleachtais den sórt sin, go háirithe i gcomhthéacs iomaíochais le hallmhairithe ar chostas íseal.
- Breithneoidh DAF bealaí le cur le húsáid córais inriantachta ainmhithe atá ann cheana chun margaíocht a dhéanamh ar tháirgí bisa agus iad a lipéadú.
- Ba chóir do chomhlachtaí feirme tiomantas a thabhairt do uasrannpháirtíocht comhaltaí i Scéimeanna Dearbhaithe Cáilíochta maidir le gach beostoc, gránach agus táirgí gairneoireachta.
- Cuirfidh Bord Bia chun cinn go gníomhach an rannpháirtíocht is mó sna scéimeanna dearbhaithe cáilíochta atá ann do mhuiceoil, éanlaith agus uibheacha.
- Spreagfaidh DAF na rannpháirtithe sa tionscal mairteola chun comhaontú ar mheicníocht maoinithe cuí agus socair don Scéim Dhearbhaithe Cailíochta Mairteola. Ag glacadh leis gur féidir teacht ar chomhréiteach, cuirfear maoiniú státchiste ar fáil chun cuidiú lena bhunú ar dtús agus le costais chur chun cinn.
- Ba chóir do phróiseálaithe mairteola agus do Thionscal Feola na hÉireann (MII) leanúint ar aghaidh go gníomhach ag cur chun cinn agus ag tacú le leathnú na Scéime Dearbhaithe Cáilíochta Mairteola.
- Comhfheidhmeoidh Táirgeoirí, Próiseálaithe, DAF agus an Bord Bia scéim Dhearbhaithe Cáilíochta Caoireola le chéile chun modhanna táirgíochta a dhíriú d'éilimh margadh feola sa bhaile agus thar lear.
- Tógfar céimeanna forghníomhacha i gcomhar leis an tionscal chun lipéadú tír bhunaidh a thabhairt isteach agus chun tacú le scéimeanna Dearbhaithe Cailíochta a thacú chun táirgí éanlaithe na hÉireann a idirdhealú.

Aghaidh a Thabhairt ar Ábhar Imní Tomhaltóirí

Bunaíodh an Painéal Idirchaidrimh Tomhaltóirí (CLP) chun bealach foirmiúil cumarsáide a sholáthar idir an Roinn agus tomhaltóirí. Is é an cuspóir atá leis eolas a sholáthar agus ionchur tomhaltóirí a fháil i ndáil le réimse iomlán ghníomhaíochtaí na Roinne.

Ábhar imní a d'aithin an Painéal mar cheann de na chéad réimsí ná lipéadú ar ábhar bia. Cuireann eolas lipéadaithe éifeachtach ar chumas tomhaltóirí a gcuid cearta a fheidhmiú agus roghanna a dhéanamh faoin mbia a cheannaíonn siad. Chinntigh DAF go bhfuil aghaidh tugtha ar na moltaí ar fad ón nGrúpa Lipéadaithe Bia. Leanadh le héileamh tomhaltóirí, mar a léiríodh i suirbhé tomhaltóirí a choimisiúnaigh an CLP, chun lipéadú bunaidh do mhairteoil a shíneadh chuig bialanna agus ionaid lónadóireachta trí athrú reachtúil. Leanfaidh DAF ag tabhairt tosaíochta d'aon éilimh a thiocfaidh ó thomhaltóirí ar eolas i ndáil le foinse, táirgeadh agus comhdhéanamh ábhar bia.

- Athbhreithneofar agus treiseofar feidhmiú an Phainéil Tomhaltóirí lena chinntiú go mbeidh dearcaí na dtomhaltóirí a bheidh cothrom le dáta ar fáil maidir le gníomhaíochtaí na Roinne.
- Achtóidh na Ranna cuí an bunús reachtúil iomchuí agus feidhmeofar réimeas lipéadaithe bia chun an t-uasmhéid eolas a sholáthar do gach tomhaltóir maidir le "tír bunaidh". Beidh feidhm leis sin sa chéad dul síos i gcás táirgí mairteola agus leathnófar sin chomh tapa agus is féidir chuig feolta eile.

Cothú

Sna tíortha forbartha tá meascán de ró-ithe agus de stíl bheatha ró-shocair ag cur as d'ardchaighdeán saoil daoine, d'ionchas saoil agus do tháirgiúlacht. Tá galair agus riochtaí shonracha nasctha le meascán d'aiste bia mífholláin agus easpa gníomhaíochtaí fisiciúla. Tá freagra ilghnéitheach de dhíth maidir leis an tsaincheist seo tá gá faoi leith ag tionscal an bhia díriú ar chothú agus ar eolaíocht bia ar mhaithe le folláine agus an tsláinte is fearr don duine.

Tá tionscal bia na hÉireann ag pointe maith anois chun freastal ar éileamh ar roghanna ithe sláintiúil agus tá ról tábhachtach ag an Roinn chun forbairt táirgí bia cothaithe nó bia do shláinte a spreagadh.

Beidh an bhéim ar aird a tharraingt ar thábhacht cothú agus ar bhia-eolaíocht do scothshláinte agus folláine daoine.

Is eol don Roinn an tábhacht atá le comhordú a gníomhaíochtaí cothaithe leis an tionscal bia, le heagraíochtaí Rialtais eile agus le tomhaltóirí.

- Oibreoidh DAF, i gcomhar le gníomhaireachtaí Stáit, leis an Tionscal Bia chun fócas cothaithe a fhorbairt ó thaobh forbairt agus margaíocht táirgí.
- Coimisiúnóidh DAF tuilleadh taighde sa réimse cothaithe daonna agus bia-eolaíocht, lena n-áirítear riachtanais aiste bia, measúnuithe cothaithe, comhdhéanamh bia agus úsáidí bia, chun eolas a sholáthar don tionscal bia chun tacú le nuálacht, forbairt táirgí nua agus cur chun cinn táirgí.
- Scrúdóidh DAF patrúin úsáide bia agus ithe bia i measc daonra na hÉireann i gcomhar le Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit eile chun réimsí do tháirgeadh bia, margaíocht agus tionscnaimh chur chun cinn a bhreithniú.
- Oibreoidh DAF le hinstitiúidí Rialtais agus idirnáisiúnta eile chun treochtaí agus patrúin domhanda a aithint maidir le saincheisteanna a bhaineann le cothú agus chun freagraí tionscail bia cuí a chur chun cinn.
- Chun buntáistí cothaithe bainne agus táirgí bainne a chur chun cinn. seolfaidh DAF i gcomhar leis an tionscal déiríochta, scéim nua Bainne Scoile.
- Leathnóidh Teagasc a chlár taighde ar bhia agus ar shláinte tuilleadh chun comhpháirteanna a d'fhéadfadh a bheith ann do bhia a aithint a mbeidh tionchar dearfach acu ar shláinte agus beidh siad rannpháirteach go gníomhach i dtaighde i dtreo nútraiceodach a fhorbairt.
- Tabharfar tús áite do thaighde tánaisteach chomh maith le taighde margaidh le tacú leis na deiseanna a bheidh ar fáil d'earnáil bia na hÉireann chun táirgí bia cuí a fhorbairt agus a sholáthar le freastal ar dheimeagrafacht atá ag athrú ó thaobh margaí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

4. Ag Cur lenár mBonn Eolais

“ Caithfidh an cumas agus an t-eolas eolaíoch a bheith ag an tionscal bia chun cuidiú le nuálacht agus éirí níos éifeachtúlaí agus níos freagarthaí ó thaobh an mhargaidh”

Ag Cur lenár mBonn Eolais

Leag an tuarascáil 'Building Ireland's Knowledge Economy' amach fís go mbeadh "cáil ar Éire go hidirnáisiúnta faoi 2010 as a barr feabhais taighde agus go mbeadh sí chun cinn ag cruthú agus ag úsáid eolas nua do dhul chun cinn eacnamaíochta agus sóisialta, laistigh de chultúr a bheadh faoi stiúir nuálachta". Is í sin ár bhfís d'earnáil agraibhia na hÉireann agus áirítear aitheantas ann freisin go mbeidh gá le maoiniú Taighde agus Forbartha (R&D) agus acmhainní Stáit eile chun tacú lena fheidhmiú.

Beidh éifeachtúlacht agus nuálacht, faoi stiúir eolas eolaíoch maith, mar mhíreanna riachtanacha chun a chur ar chumas tionscal talmhaíochta agus bia na hÉireann freastal ar éilimh thomhaltóirí amach anseo i margadh domhanda atá ag éirí níos iomaíche. Is í an earnáil táirgthe talmhaíochta an chéad nasc sa bhiashlabhra mar sholáthróir amhábhair d'ardchaighdeán, sábháilte agus le cothú maith. Leanfaidh earnáil na feirmeoireachta ag forbairt chórais táirgthe inbhunaithe ina mbeidh meas ar an timpeallacht fhisiciúil, a chuirfidh bithéagsúlacht chun cinn agus a chinnteoidh go mbeidh daonra agus tuath shláintiúil ann.

Beidh gá le cumas leanúnach i dteicneolaíochtaí nua-aimseartha ar nós biteicneolaíochta chun forbairtí agus nuálachtaí ionchasacha sna heolaíochtaí ainmhí agus plandaí lena n-áirítear pórú, géanóm agus biteicneolaíocht plandaí. Ní mór leas a bhaint as deiseanna le héagsúlú isteach i mbarraí neamhbhia, ar nós fuinneamh in-athnuaite. Tá an poitéinseal ann freisin do tháirgí agus do theiceolaíochtaí nua san fhadtéarma, a sholáthraíonn poitéinseal láidir d'fheidhmchláir bhiteicneolaíochta agus seansanna eile don bhith-eacnamaíocht.

Tá straitéis chomhairleach talmhaíochta athstruchtúrtha Teagasc dírithe ar chuidiú go straitéiseach le teaghlaigh feirme chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin ón timpeallacht beartais athraitheach agus díchúpláil na n-íocaíochtaí díreacha. Beidh scaipeadh teicneolaíochta nua agus teicnící pleanála airgeadais cruthaithe, comhairle agus eolas ar éifeachtacht níos fearr tábhachtach chun freastal ar riachtanais forbartha feirmeoirí. Tá comhairleoirí ag seachadadh réimse seirbhísí comhshaoil freisin lena chinntiú go mbeidh tacaíocht iomlán ag feirmeoirí chun riachtanais sárchleachtais agus tras-chomhlíonta a bhaint amach. Chun freastal ar riachtanais fheirmeoirí lánaimseartha agus páirtaimseartha, rinneadh athbhreithniú ar a gcláir oideachais agus oiliúna agus táthar bunaithe anois ar ardán nuálachta, barr feabhais agus iomaíochais.

Caithfidh an cumas agus an t-eolas eolaíoch a bheith ag an tionscal bia chun cuidiú le nuálacht agus éirí níos éifeachtúlaí agus níos freagarthaí ó thaobh an mhargaidh. Ní mór spleáchas iomaíochais thionscal agraibhia na hÉireann ar R&D bunúsach agus feidhmeach a aithint. Tá a riachtanais cosúil le tionscail ardteicneolaíochta eile agus ní mór dó tacaíocht a fháil ar an tslí chéanna. Tá caiteachas Thionscal Bia na hÉireann ar R&D, ag 0.3% de dhíolacháin, níos ísle ná earnálacha eile den eacnamaíocht. Is amhlaidh sin mar tá sí comhdhéanta de líon mór Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (SMEnna), nach bhfuil an cumas nó an saineolas acu chun dul i mbun R&D agus in aon chás nach bhfuil ag teacht ó chúlra nó chultúr mar sin. Tá cumas cuimsitheach R&D tógtha ag Éirinn i mbianna feidhme agus spreagfaidh béim an tomhaltóra ar shláinte agus ar chothú fás in earnáil bhia feidhme agus in earnáil na gcomhghaisí.

Tá acmhainní cuimsitheacha curtha ag an Roinn i dtalmhaíocht agus i dTaighde bia, trí mhaoiniú chlár R&D Teagasc, agus Chláir thaighde iomaíoch NDP arna fheidhmiú ag an Roinn, e.g. Beart Taighde Institiúideach Bia, An Ciste um Spreagadh Taighde (RSF) agus an Beart Foraoiseachta (COFORD). Tá maoiniú do thaighde feidhmeach bia thionscal an bhia ar fáil freisin trí Fhiontraíocht Éireann.

Spreag na cláir sin comhoibriú agus comhpháirtíochtaí idir-institiúide agus tá ionaid barr feabhais aitheanta mar thoradh orthu mar aon le go leor forbairtí táirgí agus próisis nua. Ní mór na forbairtí sin a threisiú tuilleadh agus an saineolas a fhaightear a scaipeadh go tapa chun bonn a chur faoi earnáil agraibhia na hÉireann a bheidh iomaíoch agus brabúsach.

- Tabharfaidh an Roinn Talmhaíochta agus Bia tosaíocht do mhaoiniú níos mó do Thaighde agus Forbairt sa chéad Phlean Forbartha Náisiúnta eile 2007-2013.
- Cinnteoidh DAF go mbeidh a chláir thaighde iomaíoch maithe poiblí (FIRM, RSF, COFORD), dírithe ar riachtanais na hearnála agus go leanfaidh siad ag éascú le comhoibriú agus tógáil cumais in ionaid taighde na hÉireann.
- Cinnteoidh DAF go dtacóidh taighde táirgeadh talmhaíochta, lena n-áirítear taighde socheacnamaíochta, le hearnáil fheirmeoireachta bhrabúsach iomaíoch a bheidh inbhuanaithe i ndáil le caighdeán ithreach, uisce, aer agus biteicneolaíocht agus is príomhchuid é sin d'eacnamaíocht tuaithe bhríomhar.
- Cinnteoidh DAF go soláthróidh taighde bia bonn saineolais i dteicneolaíochtaí ginearálta chun tacú le tionscal bia nuálach agus dírithe ar an tomhaltóir, le haird ar shábháilteacht bia agus saincheisteanna ardchaighdeáin.
- Tacóidh DAF, trí Theagasc agus a gcláir thaighde iomaíocha féin, le tógáil agus le treisiú cumas taighde i dteicneolaíochtaí nua, agus bainfidh leas as a bhfeidhmiú d'acmhainní nádúrtha lena n-áirítear talmhaíocht, bia, úsáidí talamh neamhbhia agus an bith-eacnamaíocht go ginearálta.
- Cinnteoidh DAF go bhfeidhmeoidh na saotharlanna Talmhaíochta agus Tréidliachta nua DAF mar ionaid eolaíocht-bhunaithe agus go ndéanfaidh siad iarracht iad a lánpháirtiú in infrastruchtúr taighde náisiúnta agus tacú lena rannpháirtíocht i dtaighde comhoibritheach. Lorgófar naisc trí chomhlachtaí lasmuigh chun é sin a bhaint amach.

- Eagróidh Teagasc a chuid acmhainní in ionaid barr feabhais, ionas go dtógfar íoslíon, go bhfeabhsófar cumas R&D faoi cheannas an mhargaidh agus go soláthrófar cúrsaí oideachais agus oiliúna a fhreastalóidh ar riachtanais scileanna an tionscail agraibhia.
- Tá grúpaí trách tearraí Teagasc feabhsaithe á mbunú agus feidhmeofar cláir le chéile leis an tionscal, a chothóidh glacadh luath agus leathan de theicneolaíochtaí nua.
- Leanfaidh torthaí bhia R&D á scaipeadh go tapa agus go forleathan chuig an tionscal trí RELAY, an clár scaipeadh taighde bia.
- Leanfaidh Teagasc ag cur béime ar a chinntiú go mbeidh torthaí R&D agus forbairtí teicneolaíochta foilsithe agus go n-aistreofar go tapa iad chuig cliaint trí chláir chomhairleacha agus oideachais.
- Leanfaidh DAF ag treisiú comhoibriú le Ranna agus le Gníomhaireachtaí Stáit eile chun cur chuige straitéiseach agus neamhbhriste a bhaint amach do mhaoiniú R&D agus chun rannpháirtíocht agus maoiniú níos mó ón tionscal a bhaint amach.
- Cuideoidh DAF le comhoibriú ó thaighdeoirí Éireannacha agus cuirfidh siad chun cinn iad i dtionscnaimh Taighde Idirnáisiúnta agus Cláir Creat Oibre AE comhoibritheacha.
- Déanfaidh Teagasc taighde ar na cinntithigh soch-eacnamaíochta táirgiúlacht talmhaíochta, ionas go gcuideoidh sin le tuiscint a fháil ar iomaíochas.

5. Iomaíochas a Láidriú

"Éilíonn fás margaidh a bhaint amach go mbeadh tuiscint straitéiseach ar na treochtaí agus ar na stíleanna beatha a bhrúnn éileamh agus ar na réimsí buntáiste d'earnáil agraibhia na hÉireann"

An t-Aire Brendán Mac Gabhann le torthaí fásta go háitiúil don ollmhargadh áitiúil.

Iomaíochas a Láidriú

Tá méadú ag teacht bliain i ndiaidh bliana ar na margaí ionchasacha do tháirgí bia na hÉireann atá in ann freastal ar éilimh níos airde tomhaltóirí do bhia áise, folláine, luach ar airgead agus saibhre. Tá go leor deiseanna ar fáil don earnáil sin.

- Margadh €250 billiún sa RA;
- Margadh AE Eorpach níos leithne le luach os cionn €1,000 billiún;
- Deiseanna ag teacht chun cinn san Áise agus sna SA.

Margadh baile le luach €7 billiún atá ag méadú agus ag teacht leis an ardú sa daonra agus ar an rachmas agus baineann éileamh éagsúla agus sofaisticiúla ó thomhaltóirí leis.

Éilíonn fás margaidh a bhaint amach go mbeadh tuiscint straitéiseach ar na treochtaí agus na stíleanna beatha a bhrúnn éileamh agus ar na réimsí buntáiste d'earnáil agraibhia na hÉireann. Tá áise agus an t-éileamh atá ar roghanna tapa mar bhonn taca taobh thiar den athrú ó mhodhanna cócaireachta traidisiúnta go dtí comhábhair ullmhaithe cheana féin agus bianna réitigh le hithe a úsáid.

Tá an tionscal bia agus dí ar an earnáil dhúchasach monaraíochta is mó in Éirinn ag fostú thart ar 50,000 duine i bpoist dhíreacha agus nios mo duine i bpoist neamhdhíreacha i bhfeirmeacha, sa tionscal soláthair agus i seirbhísí. Is ionann an earnáil agus 9% den GDP agus fostaíocht iomlán, 18% de phoist tionscail agus aon chúigiú de ghlan-shreabhadh tuillimh coigríche agus onnmhairithe. Ní léiríonn anailís a dhéantar ag baint leasa agus gnáthbhealaí mar BreisLuacha Iomlán agus Olltáirgeadh Náisiúnta go hiarbhír an méid a chuidíonn an earnáil agraibhia. Ciallaíonn leibhéal íseal ábhar allmhairithe, méid láidir de nasc inmheánach leis an gcuid eile den gheilleagar agus athdhúchasú brabúis atá níos ísle cuid mhaith go bhfuil níos mó tionchair ag an tionscal bia agus dí ná atá ag go leor tionscal eile atá in úinéireacht eachtrannach agus a bhfuil baint acu leis an earnáil déantúsaíochta.

Is ionann an earnáil bhia agus 62% d'onnmhairithe agus 40% d'fhostaíocht sa tionscal dúchasach. Tá móramh de na 800 nó mar sin de chuideachtaí bia lonnaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, atá tábhachtach ó thaobh cothromaíocht tuaithe/ uirbeach. Siúd is go raibh an bhéim le gairid, agus ba é an rud ceart é, ar fhás ollmhór thionscal na seirbhísí níor chóir dearmad a dhéanamh ar an déantúsaíocht. Tá tábhacht le fás cóimheáite earnálacha ó thaobh gach geilleagair. Ba chóir páirt thábhachtach earnáil an agraibhia i ngeilleagar na hÉireann a aithint go háirithe leibhéalacha arda Caiteachas Geilleagrach Éireann san earnáil bia.

Níl an póiteansal fáis comhleanúnach ar fud na hearnála.Ní mór na láidreachtaí agus na riachtanais éagsúla a bhíonn ag cuideachaí móra, ag Fiontair Bheaga agus Meánmhéide, ag mion-chuideachtaí agus ag sainchuideachtaí a bheith aitheanta agus forbartha. Ní mór aghaidh a thabhairt ar an laigeacht atá aitheanta san earnáil sa réimse Taighde agus Forbartha ag measc Gníomhaireachtaí Stáit, an earnáil acadúil agus an tionscal príobháideach. Caithfidh na seirbhísí a sholáthraítear do thionscal a bheith ar chaighdeán domhanda ó thaobh scothchaighdeáin, gairmiúlachta agus ó thaobh na praiticiúlachta chun cuidiú go fírinneach le cuideachtaí a gcuid gnóthaí a fhás.

Soláthraíonn talmhaíocht príomha ardán riachtanach agus bunsraith bhunúsach do rachmas agus fhorbairt an tionscal agraibhia. Is iad na feirmeoirí aonair na príomhimreoirí agus tá iomaíochas riachtanach don tslí a éireoidh leo agus le forbairt. Chun cuidiú le feirmeoirí, soláthraíonn an Stát maoiniú suntasach do réimse leathan cláir thacaíochta agraibhia maidir le hoideachas, oiliúint, comhairle, taighde, forbairt margaidh, anailís ar an margadh.

Is é ról an Stáit ná aeráid a éascú a chuidíonn le stiúradh agus le nuálacht iomaíoch agus ar an mbealach sin cur le hioncam feirme. Mar sin féin, braitheann sé ar na feirmeoirí iad féin a chur sa chaoi le leas a bhaint as infheistíocht shuntasach an Stáit i dtaighde talmhaíochta, oiliúint agus comhairle ar sárchleachtas. Ní mór

d'fheirmeoirí aonair a bheith ar an eolas go maith faoi spriocphraghsanna, éilimh agus treochtaí margaidh. Ní mór dóibh meastóireacht a dhéanamh ar a gcuid cleachtas agus teicnící féin agus leas a bhaint as comhairle agus taighde ó Theagasc, ó Choillte ar shárchleachtas. Ní mór dóibh aitheantas a thabhairt agus aitheantas a fháil maidir leis an ról fíorthábhachtach atá acu ó thaobh bhainistíocht an tslabhra soláthair agus ó thaobh fhorbairt thionscal bia breisluacha. Sa deireadh thiar is iad na feirmeoirí iad féin, a bhíonn go minic fíorsciliúil, oilte agus iad spreagtha go maith a chinnfidh gach a bhfuil i ndán dóibh.

Trí dheontais i gcabhair chuí agus bearta fioscacha spreagann an Stát infheistíochtaí caipitil ar fheirmeacha trí chúnamh deontais cuí agus bearta fioscacha a bhíonn leagtha amach chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht, ar iomaíochas agus ar inmharthanacht.

Tá an líon feirmeacha ag titim i ngach tír forbartha, mar sin féin, tá an leibhéal laghdaithe sa tír seo níos ísle ná i bhformhór ár gcomharsan Eorpach. Ag leibhéal na feirme, is gnéithe tábhachtacha iad soghluaiseacht talún, comhdhlúthú, aistriú luath talún agus bainistíocht cuóta solúbtha ó thaobh athrú struchtúrtha a éascú. Is é an toradh atá le meascán de dhreasachtaí cánacha Stáit agus scéimeanna mar Chúnamh Suiteála agus Luathscoir chomh maith le brúnna margaidh ná roinnt athruithe struchtúrtha ach ag leibhéal íseal go maith.

Ag féachaint chun cinn ní mór don luas athraitheach struchtúir tapú chun inmharthanacht feirme a chinntiú agus chun freastal go héifeachtach ar na dúshláin ag teacht as rochtain níos mó ó thríú tíortha. Tá gá le hathrú strúchtúrtha le cur le leibhéil táirgíochta, cur le heacnamaíochtaí scálaí agus cur chomh mór agus is féidir le deis ioncam a thuilleamh. Leis an meascán ceart polasaithe agus gníomhartha d'fhéadfaí ó thaobh feirmeoirí lánaimseartha agus páirtaimseartha stíl bheatha shásúil agus leibhéal ioncaim sásúil a sholáthar dóibh. Déanfar sin trí chroílár d'fheirmeoirí lánaimseartha a bheidh inmharthana go tráchtálach a choinneáil agus an deis a thabhairt ag an am céanna d'fheirmeoirí páirtaimseartha cur lena n-ioncam feirme trí obair den-fheirm.

Gné den iomaíochas atá ag éirí níos suntasaí i gcónaí ná an costas do dhaoine aonair agus do ghnóthaí maidir le comhlíonadh sábháilteacht bia éigeantach, caighdeáin leasa ainmhithe agus coinníollacha comhshaoil. Cé go bhfuil sé riachtanach go gcloífí go dian leis na coinníollacha seo do thodhchaí an tionscail, tá an Rialtas tiomanta a chinntiú go mbainfear amach é sin ar an mbealach is éifeachtaí ó thaobh costais de agus is féidir agus leis an ualach rialachán riachtanach is gá.

- Ag fóraim AE agus Idirnáisiúnta, cinnteoidh Éire an creat oibre beartais is fearr agus an leibhéal tacaíochta is airde is féidir a bhaint amach don earnáil fheirmeoireachta. Ag caibidlíocht WTO, lorgóidh DAF toradh ar thionscal agraibhia foriomlán a mbeidh meas ar leasuithe inmheánacha atá comhaontaithe cheana féin agus a choinneoidh cothromaíocht chuí idir iomaíochas onnmhairithe agus rochtain ar mhargadh an AE.
- Tá an Rialtas tiomanta don líon is mó teaghlaigh feirme a choimeád trí fheirmeoireacht lánaimseartha tráchtála a fhorbairt. Ag an tráth céanna, leanfaidh an Rialtas ag soláthar timpeallacht eacnamaíoch a chuirfidh ar chumas feirmeoirí níos lú leasa a bhaint as deiseanna ar an bhfeirm agus den fheirm lena dtodhchaí a chinntiú.

- Leanfaidh an Rialtas ag cur fócais ar chur chomh mór agus is féidir le hioncaim ar fheirmeacha trí chomhdhéanamh de thacaíochtaí díreacha ioncaim a leanfaidh mar 75-80% d'ioncaim fheirmeacha agus raon bearta a chuirfidh le hiomaíochas agus leis an táirgeacht agus ag fáil an toraidh is fearr is féidir ón mhargadh ar an tslí sin.
- Leanfaidh an Rialtas ag tacú le feirmeoirí ar ioncam íseal tríd an Scéim Cúnta d'Fheirmeoirí.
- Caithfidh polasaí Stáit agus tionscail araon a bheith sách solúbtha chun oiriúnú do riachtanais earnálacha fheirmeoirí lánaimseartha agus páirtaimseartha araon.
- Le go bhféadfaidh pleanáil feirme a mbainfidh brí leo a bheith ann, beidh gá le dreasachtaí chun táirgeadh, comhdhlúthú agus soghluaisteacht talún feabhsaithe a spreagadh leanfaidh an Rialtas ag tabhairt isteach bearta chun feabhas a chur ar infhaighteacht talún d'fheirmeoirí ar mian leo cur lena scála táirgíochta.
- Déanfar socruithe chun an córas comhairleach feirme atá soláthraithe sna Rialacháin Íocaíocht Aonair a bhunú faoi 1 Eanáir 2007 chun comhairle a chur ar fáil d'fheirmeoirí le freastal ar a gcuid riachtanas.
- Feidhmeoidh Teagasc clár comhairleach cuimsitheach le sainchomhairleoirí fiontair chun glacadh táirgeadh feirme maith agus nuálacht a chur chun cinn. Leanfar leis sin trína ceithre chlár comhairleach athstruchtúrtha:
  - Anailís Roghanna
  - Iomaíochas Gnó agus Teicneolaíocht
  - Dea-Chleachtas Feirme
  - Clár Comhairleach agus Oiliúna d'Fheirmeoirí Páirtaimseartha
- Déanfaidh an Roinn iarracht a chinntiú go bhfeidhmeofar próisis ar an mbealach is éifeachtaí ó thaobh costais de, leis an íos-ualach páipéarachais agus rialála riachtanach ag teacht le rialuithe cearta.
- Beidh DAF foghníomhach ó thaobh athbhreithniú an AE ar chroschomhlíonadh in 2008 féachaint le simpliú a dhéanamh ar fheidhmiú na scéime.
- Spreagfar comhpháirtíochtaí idir feirmeoirí agus tionscal an bhia chun soláthar táirge ardchaighdeáin chuig an bpróiseálaí a chur chun cinn agus ar an tslí sin cinnteacht agus cobhsaíocht ioncaim a chinntiú don táirgeoir.
- Bunófar grúpa ardleibhéal CEOnna de ghníomhaireachtaí bia, faoi chathaoirleacht leibhéal Aireachta chun cur chuige a bheidh iomlán comhdhlúite i leith fhorbairt earnáil an bhia ar an iomlán a chinntiú agus a fheidhmiú.
- Bunóidh DAF Coiste Tionscail Bia le cathaoirleacht ag leibhéal Aireachta agus ar a mbeidh feidhmeannaigh sinsearacha de chuid an tionscail chun saincheisteanna a aithint atá ag cur as d'fhorbairt na hearnála.
- Beidh an Roinn gníomhach go forghníomhach leis an tionscal bia ag gach leibhéal, ilnáisiúnta, ag baile, fiontair réigiúnacha, áitiúla agus an earnáil míondíola bia chun a fhorbairt a bhrú chun cinn le haird ar an ráta tapa athraithe sa timpeallacht feidhmíochta.
- Tacóidh DAF le Bord Bia ag treisiú cumas eolais margadh straitéiseach agus ag forbairt seirbhísí chur chun cinn agus forbartha margaidh le spriocanna agus cuspóirí soiléire chun freastal ar dhúshláin reatha agus dúshláin sa todhchaí – go háirithe iad sin a thagann chun cinn mar thoradh ar dhíchúpláil agus ar thoradh chaibidlíocht trádála WTO.
- Tacóidh DAF le Bord Bia chun cuidiú a sholáthar do chuideachtaí a fhorbraíonn gnó breisluacha i margaí AE Eorpacha agus thar lear agus ag aithint deiseanna sonracha i margaí Áiseacha atá ag teacht chun cinn.
- Éascóidh, tacóidh agus cuirfidh DAF agus Bord Bia chun cinn sprioc chun luach onnmhairithe bia agus dí a dhúbailt go dtí an Meán Oirthear thar trí bliana.
- Oibreoidh DAF le comhlachtaí eile chun tacú le hinfhaighteacht eolais ar deiseanna nuálachta/NDP agus na féidearthachtaí a sholáthraíonn ICT.
- Bunóidh Bord Bia Lárionad Barr Feabhais a bheidh dírithe ar sheirbhísiú a dhéanamh ar na riachtanais a bhaineann le forbairt margaidh gnóthaí beaga agus cuirfidh siad bia réigiúnach agus tionscnaimh margaíochta bia chun cinn trí shraith sainfhóraim áitiúla agus idirnáisiúnta.

"Soláthraíonn talmhaíocht príomha ardán riachtanach don tionscal agraibhia. Is iad na feirmeoirí aonair na priomhimreoirí agus tá iomaíochas riachtanach don tslí a n-éireoidh leo agus le forbairt"

- Leathofar amach Margaí Feirmeoirí a bheidh bunaithe ar thaithí Farmleigh i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí. Oibreoidh DAF le Bord Bia agus le Ranna eile freisin chun an earnáil sin a chur chun cinn mar malairt aschuir thábhachtach do tháirgeadh feirme chomh maith le bheith ina léiriú tábhachtach agus ina thaithneamhacht turasóirí.
- Spreagfaidh DAF stádas Bunadh Cosanta AE/ Léiriú Geografach Cosanta laistigh de théarmaí réim chuí AE.
- Déanfaidh DAF iarracht naisc a threisiú idir táirgeoirí in earnálacha bia artisan agus speisialtachta agus gníomhairachtaí cuí mar an Chomhairle Blais, Teagasc, na Coláistí Tríú Leibhéal.
- Bunóidh Teagasc clár sonrach chun cuidiú le daoine ar mian leo gnóthaí bia artisan nó speisialtachta a thosú.
- Forbróidh An Fóram Náisiúnta Bia Feidhme, faoi chathaoirleacht Fhiontraíocht Éireann, plean straitéiseach d'fhorbairt tionscal bia & comhábhair fheidhme in Éirinn.
- Tionólfaidh Bord Bia imeachtaí Margaidh na hÉireann chun soláthróirí a mheaitseáil go sonrach le ceannaitheoirí idirnáisiúnta.
- Feabhsófar an feachtas Féile Bia chun úsáid táirgí áitiúla, réigiúnacha agus speisialtachta a chur chun cinn i ngach ionad lónadóireachta.

An Earnáil Beostoic agus Feola

Meastar go n-ardóidh an méid feola a itear go domhanda 2% in aghaidh na bliana sa chéad deich mbliana eile. Meastar go mbeidh ardú fíor láidir ar an méid feola a itear i dtíortha i mbéal forbartha agus meastar go mbeidh gnóthachain ite feola sna tíortha sin dhá oiread iad sin i dtíortha OECD. Is tiománaí ollmhór an earnáil Beostoic agus Mairteola d'eacnamaíocht talmhaíochta agus tuaithe na hÉireann agus is ionann é agus os cionn 45% den aschur talmhaíochta agus 32% d'onnmhairithe agraibhia.

Is fachtóir shuntasach é tabhairt isteach na Scéime Íocaíochta Aonair Feirme d'fhorbairt na hearnála sa todhchaí. Is éard atá i gceist le díchúpláil íocaíochtaí príomha ó tháirgeadh ainmhithe ná go mbeidh táirgeoirí sa todhchaí dírithe go hiomlán ar an margadh agus ar eacnamaíocht táirgthe. Seo timpeallacht nua don earnáil agus tá sé ag teacht chun cinn ag tráth ina bhfuil na meicníochtaí tacaíochta bainistíochta margaidh reatha á lágú i gcomhthéacs Bhabhta Forbartha Doha WTO.

Beidh timpeallacht fhíordhúshlánach roimh an earnáil beostoic agus feola sa todhchaí. Is é an toradh a bheidh le haisíocaíochtaí onnmhairithe a laghdú agus cur le rochtain níos mó ar an margadh ag Tíortha Eile don AE ná hathruithe suntasacha in eacnamaíochtaí táirgthe ag leibhéal na dtáirgeoirí agus na próiseála. Níor chóir beag a dhéanamh de mhéid an dúshláin atá roimh an

earnáil anois. Tá praghsanna margaidh AE réidh le teacht níos gaire do na leibhéil dhomhanda. Titfidh praghsanna chuig táirgeoirí sa deich mbliana amach romhainn agus beidh tionchar ag iomaíocht ó sholáthróirí feola ón taobh amuigh go dtí an AE ar mhargaí reatha. Ní mór don earnáil oiriúnú go tapa chun aghaidh a thabhairt go maith ar dhúshláin sa todhchaí.

Tá an t-infrastruchtúr chun an feabhas géiniteach is fearr agus is féidir a bhaint amach sa tréad bó náisiúnta ar mhaithe le feirmeoirí na hÉireann agus don tionscal agraibhia i bhfeidhm agus ní mór an leas is mó is féidir a bhaint as. Is é an tréad Diúil an bunús ar a dtógtar ár dtáirgeadh mairteola d'ardchaighdeán. Tá sé riachtanach go mbeadh líon agus ardchaighdeán an tréada seo coimeádta chun an t-amhábhar a sholáthar dár margaí onnmhairithe ardluacha. Cuireann díchúpláil, cé go bhfuil go leor deathréithe ag baint leis, go háirithe d'fheirmeoirí, an tréad diúil ag dréim le margadh an-chrua go háirithe i gcomhthéacs Bhabta Forbartha Doha WTO.

Leanann táirgeadh caorach mar fhiontar feirme tábhachtach leaite go forleathan ó thaobh na tíreolaíochta. Le díchúpláil braithfidh todhchaí na hearnála go hiomlán ar choinníollacha margaidh sásúla. Sa timpeallacht trádála níos oscailte seo, beidh níos mó táirgiúlacht, ardchaighdeán agus pórú níos fearr agus úsáid níos éifeachtúlaí de shaothar mar thiománaithe tábhachtacha ó thaobh na hearnála.

Tá na hearnálacha muc agus éanlaithe mar phríomhaonaid ardspeisialtachta in Éirinn. Tá cleachtadh faighte acu ag feidhmiú i dtimpeallacht ardiomaíoch le corrlaigh cúnga. Cé go bhfanfaidh feidhmiú tréad agus costais táirgthe ríthábhachtach ó thaobh mar a éireoidh leo sa todhchaí, tá constaicí comhshaoil agus leasa ainmhithe amach roimh na hearnálacha sin anois.

Is é an sprioc sa ghearrthéarma go dtí an meántéarma do thionscal feola na hÉireann, go háirithe mairteoil, ná a chinntiú go gcoimeádfar agus go bhforbrófar cion mór sa mhargadh AE agus ainneoin chéimniú amach aisíocaíochtaí onnmhairithe agus muid a bheith ag brath níós lú ar na margaí sin go mbeidh rochtain tráchtála leathnaithe acu ar mhargaí Tríú Tíortha. Is é an rud is tábhachtaí chun an sprioc sin a bhaint amach ná fanacht iomaíoch, sárchleachtas a fheidhmiú sa réimse sábháilteachta bia mar aon le margaíocht éifeachtach bunaithe ar cháilíocht, ar chothú agus ar inriantacht. Is léir ón mbagairt ar an tionscal éanlaith ón fhliú na n-éan agus an plean seo á réiteach tá géarghá le dúthracht agus gníomh éifeachtach ar shaincheisteanna sláinte ainmhithe (féach Caibidil 6).

- Oibreoidh an Roinn ag leibhéal an AE lena chinntiú go leanfar le creat oibre tacaíochta cuí don earnáil feola laistigh den Chomheagraíocht Margaí.
- Maoirseoidh an Roinn, i gcomhar le gníomhaireachtaí stáit eile, córais lena chinntiú go gcuirfear ardchaighdeáin sábháilteachta, ardchaighdeán agus inriantacht bia na hÉireann chun cinn go dlúth chun buntáiste iomaíoch a sholáthar i gcoinne allmhairithe ar chostas íseal.
- Oibreoidh an Roinn, Bord Bia agus an tionscal feola le chéile chun margaí nua do tháirgí feola na hÉireann a aithint agus chun scair mhargadh na hÉireann a chur chun cinn agus a fheabhsú i margaí na hEorpa agus i margaí Tíortha Eile.
- Tacóidh an Roinn agus Gníomhaireachtaí Stáit le hinfheistíocht níos mó in R&D agus i bhforbairt táirgí.
- Comhordóidh gach páirtí a bhíonn rannpháirteach san earnáil mhairteola a gcuid iarrachtaí chun cur le leibhéal rannpháirtíochta feirmeoirí sa Scéim Náisiúnta Dearbhaithe Cáilíochta Mairteola creidiúnaithe don Caighdeán EN 45011.
- Soláthróidh Fiontraíocht Éireann tacaíocht do thionscadail infheistíochta ag an earnáil próiseála feola chun táirgí breisluacha a fhorbairt agus margaíocht a dhéanamh orthu.
- Ba chóir do ghléasraí próiseála mairteola córais praghsála a bhaineann le hardchaighdeán a mhionathrú agus a threisiú chun táirgeadh conablaigh d'ardchaighdean a spreagadh, agus a fhreastalaíonn ar mhianta tomhaltóirí.
- Ag aithint tábhacht chriticiúil an tréada diúil do thionscal mairteola na hÉireann, breithneoidh an Roinn na bearta a bheidh riachtanach do thréad diúil i gcomhthéacs díchúplála.
- Cuirfear úsáid níos mó de theicnící tógála saorga sa tréad diúil chun cinn.
- Leanfar ag faire ar ghrádáil meicníochta conablaigh mairteola ar bhonn oibíochtúil chun táirgeadh conablaigh d'ardchaighdeán comhsheasmhach a spreagadh chun freastal ar méid atá ó na tomhaltóirí. Leanfaidh an tionscal ag forbairt córais le tomhas a dhéanamh ar thorthaí feola.

- Ba chóir do phróiseálaithe mairteola a bheith rannpháirteach i socruithe comhpháirtíochta agus bainistíocht slabhra soláthair le táirgeoirí mairteola aonair chun riachtanais shonracha tomhaltóirí a mheaitseáil go gníomhach le táirgí a dhéantar a sheachadadh.
- Le tacaíocht ón DAF, treiseoidh Cónaidhm Tógála Eallaigh na hÉireann (ICBF) a n-iarrachtaí chun ardú suntasach sa ráta feabhsúcháin géiniteach eallaigh mairteola a sheachadadh trí mheascán de scéimeanna póraithe feabhsaithe, níos mó úsáide as ionseamhnú saorga, meastóireacht ghéiniteach agus seirbhísí eolais do gach earnáil den tionscal.
- Neartóidh Teagasc a saineolas phórú ainmhithe agus oibreoidh go dlúth le ICBF chun pórú níos fearr a chur chun cinn.
- I gcomhar leis an tionscal, le heagraíochtaí feirmeoireachta agsu leasanna eile scrúdóidh an Roinn an bhféadfaí beart phórú eallaigh a chur san áireamh i gclár RD 2007-2013.
- Táirgeofar plean straitéiseach d'fhorbairt fhadtéarmach gach gné den earnáil chaoireola a fhorbairt, idir phórú agus táirgeadh go dtí próiseáil agus margaíocht.

Déiríocht

Is é an dearcadh meán-téarmach don earnáil déiríochta ná go mbeidh leathnú láidir in éileamh domhanda. Meastar go mbeidh an fás is treise san Áise, i Meiriceá Laidineach agus san Meán-Oirthear le héileamh mar aon le tíortha forbartha, agus meastar go bhfanfaidh an AE láidir. Beidh oibreoirí AE in iomaíocht le honnmhaireoirí sa Nua Shéalainn agus san Astráil do scair den riachtanas allmhairithe de thrádáil leathnaithe i dtíortha i mbéal forbartha. Maidir leis sin, beidh an treocht i dtreo dhíriú agus dhomhandú an tionscail mar aon le difréalú níos mó de tháirgí déiríochta mar phríomh-thiománaithe chun sciar níos mó den mhargadh a dhaingniú.

Léirigh Tuarascáil Prospectus na heaspaí struchtúrtha in earnáil déiríochta na hÉireann agus ba é an focal scoir a bhí ann go bhfuil dúshláin ollmhóra roimh an tionscal agus nach mór athruithe suntasacha a dhéanamh don mhargadh agus d'fhócas táirgí, don chomhdhéanamh, d'éifeachtúlacht agus d'iomaíochas san fhad-téarma. Ar an tslí chéanna, tá sé riachtanach ag an mbunleibhéal scála níos mó agus leibhéil níos airde éifeachtúlachta a dhaingniú. D'ísligh leasuithe AE inmheánacha praghsanna institiúide agus bhí tionchar díreach acu ar choimeád stoc agus ar iomaíochas onnmhairithe. Tá stoic idirghabhála ime agus púdar bainne sciomáilte laghdaithe, mar aon le tacaíochtaí aisíoca onnmhairithe. Cé go bhfanfaidh táirgeadh táirgí déiríochta traidisiúnta mar an príomhaschur d'earnáil déiríochta na hÉireann tá gá soiléir le fócas cinntí táirgthe a athrú i dtreo nuálacht táirgí agus táirgí breisluacha.

Dhírigh Coiste Agraifhís 2015 ina gcuid moltaí ar fheidhmiú an réim cuóta, agus béim ar an bpointe "nár chóir go gceadófaí don bheartas cuóta bainne a bheith mar bhac tromchúiseach do chothabháil iomaíochas sna hearnálacha feirmeoireachta déiríochta agus próiseála bainne". Tá táirgeadh bainne AE teoranta trí thagairt cainníochtaí i ngach Ballstát agus leathaigh Comhaontú Lucsamburg na socruithe cuóta reatha go dtí 2014/15, le hathbhreithniú le bheidh ann i 2008/09.

- Ag leibhéal an AE leanfaidh Éire ag idirbheartú creat oibre tacaíochta cuí a dhaingneoidh earnáil táirgthe bainne iomaíoch laistigh den AE agus iomaíochas onnmhairithe feabhsaithe ar mhargaí domhanda.

- Rinneadh roinnt comhdhlúthaithe ag an leibhéal próiseála ag teacht leis na príomhmholtaí i dTuarascáil Prospectus. Níl príomh-mholtaí Thuarascáil Prospectus fós curtha i bhfeidhm. Sin freagracht príomha na hearnála próiseála. Leanfaidh an Roinn i mbun leis an earnáil próiseála chun an chumraíocht is mó agus is féidir laistigh den earnáil go háirithe i dtéarmaí scála a bhaint amach.
- Cuirfidh an Roinn agus Gníomhaireachtaí Stáit infheistíocht leanúnach agus níos mó in R&D agus i bhforbairt margaí chun cinn agus tacóidh siad leo.
- Treiseofar bearta chun tacú, trí leithdháilte cuóta bainne, le forbairt táirgí breisluacha agus táirgí bainne speisialtachta ag oibreoirí ar scála beaga.
- Ag leibhéal feirme tá gá le tuilleadh comhdhlúthaithe ó thaobh gabháltas. In 2005 bunaíodh clár athstruchtúrtha ina raibh béim láidir ar chostas shealbhú cuóta a ísliú. Is é 2006 dara bliain an chláir.
- Ag breithniú an cóimheá idir bagairtí agus deiseanna ag teacht as athbhreithniú AE a dhéanfar in 2008/09 agsu liobrálú WTO ar thaobh amháin agus éileamh domhanda ar tháirgí déiríochta ar an taobh eile ní am maith é le haghaidh a thabhairt ar bhainisíocht cuóta laistigh de réimsí níos leithne iomaíochas mhargaí an domhain agus an gá atá ann scair na hÉireann de mhargaí déiríochta an domhain a chomhdhlúthú agus cur leo.
- Ba chóir anois córas margadh oscailte de chuótaí inaistrithe a fhorbairt. D'fhéadfadh sé sin oibriú trí dhíolacháin dhíreacha idir daoine aonair, bróicéirí/gníomhairí nó trí chóras Malartaithe. Ag cuimhneamh ar an ngá le dáileadh go geografach agus leagan amach na hearnála próiseála ba chóir go bhfeidhmeodh sé sin ag leibhéal comhoibritheach ag tosú 1 Aibreán 2007. Athrú mór é sin ar an tslí ina ndearnadh athstruchtúrú cuóta go dtí seo.
- Leanfaidh Teagasc ag cuidiú le feirmeoirí chun cur an méid is féidir lena n-aischuir ó fhiontair dhéiríochta lena n-áirítear iarrachtaí chun cur leis an méid prótéin i mbainne agus chun freastal ar riachtanais chomhshaoil.
- Tacóidh DAF le ICBF chun arduithe suntasacha sa ráta feabhsúcháin géiniteach eallaigh déiríochta a fhorbairt agus a sheachadadh trí mheascán de scéimeanna tógála feabhsaithe, meastóireacht géiniteach agus seirbhísí eolais do gach earnáil den tionscal. R4, 21 agus 24.

Foraoiseacht

Is ionann foraoiseacht agus gné fhíorthábhachtach de bheartas úsáide talún in Éirinn, áit a bhfuil níos lú ná 10% de thalamh talmhaíochta na hÉireann faoi fhoraoiseacht i gcomparáid le meán AE de 35%. De bharr an méid a chuireann sé le forbairt tuaithe, sóisialta agus eacnamaíochta, leis an timpeallacht nádúrtha, le háineas agus fuinneamh agus an ranníoc sonrach d'oibleagáidí Kyoto na hÉireann, tá foraoiseacht ag fás san Agrai-thionscal in Éirinn. Is fianaise é ceapadh Aire Stáit le freagracht shonrach d'fhoraoiseacht sa Roinn Talmhaíochta agus Bia de thiomantas leanúnach an Rialtais i dtreo fhoraoiseacht inbhuanaithe in Éirinn.

Tá measúnú á dhéanamh ar sheasamh fadtéarmach agus ar chuspóirí foraoiseachta in Éirinn. Tá athbhreithniú á dhéanamh go háirithe ar nádúr agus ar chineál na n-acmhainní tacaíochta riachtanacha don earnáil seo le súil agus leathnú chun foraoiseacht a choimeád mar rogha úsáide talún éifeachtach agus chun comhtháthú a chinntiú idir na gnéithe éagsúla den agraí-bheartas.

Ní mór aitheantas níos soiléire a thabhairt do bhuntáistí foraoiseachta nach mbaineann le hadhmad agus ní mór breisfhorbairt a dhéanamh ar an réimse d'úsáidí deiridh táirgí foraoiseachta ar nós táirgí cláir le húsáid i bhfoirgníocht mar aon le táirgeadh fuinnimh chun tacú le cuspóirí Rialtais d'fhorbairt tuaithe, iomaíochas níos mó agus breisluach.

- Tabharfaidh an Roinn, i gcomhar leis an nGrúpa Idirchaidrimh Foraoiseachta, an t-athbhreithniú de chuspóirí fadtéarmacha foraoiseachta chun críche agus cinnteofar go mbeidh an réimse tacaíochta Rialtais atá i bhfeidhm d'fhorbairt foraoiseachta in Éirinn oiriúnach agus cuí.
- Cinnteoidh an clár maoinithe foraoiseachta do 2007–2013 gur féidir le feirmeoirí ar mhian leo foraois a thógáil ar chuid dá gcuid talún nó ar a gcuid talún ar fad a gcinneadh a dhéanamh ar an mbunús go mbeidh tiomantas leanúnach an Rialtais comhsheasmhach agus ag cuidiú le tacaíochtaí talamhbhunaithe eile.
- Bunófar sprioc plandála bliantúil nua a choimeádfaidh íoslíon táirgíochta riachtanach lena chinntiú go bhforbrófar an tionscal adhmaid isteach sa chéad deich mbliana eile.

- Seolfaidh DAF feachtas ollmhór cur chun cinn foraoiseachta i 2006.
- Beidh an clár IFORIS i bhfeidhm go luath i 2006 lena chinntiú go ndéanfar deontais fhoraoiseachta agus íocaíochtaí príomha a bhainistiú go héifeachtach ag córas TE nua-aimseartha.
- Déanfaidh DAF fardal náisiúnta de tháirgeadh foraoise tugtha chun críche i 2006 agus déanfaidh forbairt ar eolas fardail eile go háirithe i ndáil le táirgeadh bithmhais adhmaid i 2006.
- Bunóidh Teagasc clár comhairle agus taighde lánpháirtiúil chun forbairt níos mó foraoiseachta a spreagadh.
- Forbrófar deiseanna nua margaíochta do thanaithe, go háirithe i ndáil le fuinneamh in-athnuaite.
- Breithneofar tacaíocht do bhainistiú níos fearr d'eastáit foraoiseachta lena n-áirítear bearradh, tanú, oiliúint, athbhunú agus bóithre foraoise.
- Leanfar don tacaíocht do choillearnach dúchasach, scéimeanna adhmaid comharsana agus táirgí leathanduilleacha.
- Coimeádfar an tiomantas taighde agus forbairt dóthanach a dhéanamh san earnáil fhoraoiseachta.
- Leanfar le tacaíocht do thionscadail bhreisluacha de ghrúpaí ionadaíocha agus leasa.
- Tá scéim deontais do shuiteáil soirn a bhíonn ag dó adhmaid á sheoladh ag an Roinn Mara agus Acmhainní Nádúrtha chun tacú le hardú ar úsáid fuinneamh in-athnuaite in Éirinn.
- Treiseofar cosaint do shláinte eastát foraoiseachta ó bhagairt bitheolaíochta nó eile.

Bithbhreoslaí

Is iad na hearnálacha agraibhia agus foraoiseachta an fhoinse ábhar fuinnimh in-athnuaite is mó is féidir a athrú isteach i réimse bithbhreoslaí a chuidíonn leis an gcomhshaol. Áirítear le hamhábhair talmhaíocht-bhunaithe ráib síl ola, cruithneacht agus biatas siúcra (do bhithbhreoslaí leachta), fothairgí foraoiseachta agus fothairgí feirmeoireachta agus próiseála bia eile ar nós min chnámh agus feola agus geir.

Dhírigh go leor den aird athnuaite ar an bpoitéinseal a bhaineann le bithbhreoslaí de bharr roinnt fachtóirí éagsúla ar nós phraghas níos airde ola, athraitheacht soláthar ola agus an gá atá ann astuithe dé-ocsáide carbóin a laghdú. Chuir athbhreithniú CAP le déanaí ar chumas feirmeoirí deiseanna feirmeoireachta nua a bhreithniú ar féidir luach a chur le táirgeadh talmhaíochta leo. Dá réir sin thug DAF aird ar leith ar an réimse sin agus chuir go mór le forbairt beartais ag leibhéal idir-rannach.

Aithníonn DAF nach féidir táirgeadh agus úsáid táirgí talmhaíochta a choinneáil inmharthana san fhadtéarma ach amháin má ghineann bithbhreoslaí aischur níos fabhraí ná aonaid margaidh níos traidisiúnta. Aithnítear freisin faoi láthair gan cúnamh sonrach go mbeidh inmharthana eacnamaíochta táirgeadh bithbhreosla fós deacair. Ba chóir go gcuideodh leathnú an Bhuiséid deiridh d'fhaoiseamh máil chun 163 milliún lítear de bhithbhreoslaí a chlúdach go bliantúil chun éileamh breise ar bharraí do tháirgeadh bithbhreoslaí a bhrú. Tá réimsí do thaighde aitheanta ag DAF ó pheirpictíocht talmhaíochta de mar aon le tionscnaimh a fhógairt go háirithe sa réimse foraoiseachta agus rothlú gearr fáschoille.

Is féidir fothairgí thionscail phróiseála bia a athghnóthú agus leas a bhaint astu ar go leor bealaí mar bhithbhreoslaí. Is ionann táirgeadh fothairgí feola in aghaidh na bliana agus 520,00 tonna a rindreáladh ina 140,000 tonna de mhín chnámh agus feola (MBM) agus 84,000 tonna geire. Deiseanna móra iad sin leis na fothairgí sin a úsáid mar

bhithbhreoslaí. Is fírící tráchtála atá ag tiomáint na gceisteanna sin. De bharr nach bhfuil aon aschuir dhiúscartha in Éirinn cuirtear faoi láthair beagnach an MBM a tháirgtear anseo chuig Ballstáit eile lena loscadh nó le comhloscadh i dtáirgeadh suiminte nó mar bhreosla i ngléasraí cumhachta. Tá gléasra cumhachta amháin agus cuideachta suiminte amháin in Éirinn ag féachaint an bhféadfaí MBM a úsáid mar bhreosla i bpróiseas comhloscaidh bhreosla iontaise agus méid an bhreosla a laghdú ar an mbealach sin. Bheadh buntáiste mór airgeadais aige sin do na tionscail atá i gceist agus dhéanfadh sé leas don chomhshaol freisin mar gheall ar na leibhéil ísle astúcháin CO_2.

- Leanfaidh DAF ag cur le forbairt beartas a bheidh leagtha amach chun imlonnú níos mó d'fhuinneamh in-athnuaite a spreagadh, go háirithe maidir le dul chun cinn níos mó i dteicneolaíocht.
- Beidh DAF ag obair go forghníomhach ó thaobh fhorbairt polasaí AE ar bithbhreoslaí agus úsáid neamhbhia eile barraí agus cuirfidh sé chun cinn agus lorgóidh feabhsúcháin sa scéim barraí fuinnimh.
- Bainfear leas as an gClár Spreagadh Taighde chun tionscail taighde ar bhithbhreosla a chur chun cinn agus úsáid neamhbhia eile barraí. Tabharfaidh Teagasc acmhainní breise freisin don réimse seo.
- Leanfaidh DAF ag ceadú úsáid geire mar bhithbhreosla i gcoirí teirmeacha i ngléasraí rindreála agus i ngléasraí móra feola chun fuinneamh a chur ar fáil.
- Tabharfaidh DAF nósanna imeachta isteach chun geir a athrú go bithdiasal.
- Lorgóidh DAF ceadú AE do scéim nua tacaíochta chun baint agus próiseáil bithmhaise ó fhoraoisí a spreagadh agus chun úsáid bithmhaise adhmaid a chur chun cinn mar fhoinse fuinnimh in-athnuaite.
- Seolfaidh DAF tionscadal píolótach ar chur sailí chun tuilleadh meastóireachta a dhéanamh ar a phoitéinseal ó thaobh bithfhuinneamh agus diúscairt dramhaíola. Féachfar ar phóitinseal miscanthus mar bharr bithbhreosla.
- Cuirfidh DAF úsáid teicneolaíochtaí a bheidh ag teacht chun cinn ar nós díleá anaeróbach agus dóchan scair shreabhach chun cinn.

Barraí

Úsáidtear os cionn dhá thrian den ghráin a tháirgítear d'fhonn beathú ainmhithe agus úsáidtear an méid a bhíonn fágtha mar amhábhar do na tionscail grúdaireachta, driogtha agus meilte plúir. Le tabhairt isteach íocaíocht feirme aonair, beidh táirgeadh sa todhchaí bunaithe ar bhrabúsach an bharra. Beidh éifeachtúlacht feabhsaithe ó thaobh táirgthe tábhachtach chun ioncaim a choinneáil agus lena chinntiú go mbeidh an méid aschuir coimeádta. Sa mheán-téarma ba chóir go mbeidh tionchar níos mó ag beartais ar bhithbhreoslaí ar ionchais arbhar.

Cuirfear meastóireacht ar éagsúlacht agus teastasú síolta agus seirbhísí tástála a sholáthraíonn DAF chun cinn chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht, ar ardchaighdeán agus ar inmharthana táirgthe arbhar.

- Forbrófar agus feidhmeofar an réim rialála do tháirgí cosanta plandaí tuilleadh lena chinntiú go mbeidh na caighdeáin is airde ó thaobh sláinte planda, sábháilteacht bia agus cosaint tomhaltóirí bainte amach.
- Cuirfidh DAF socruithe cómhaireachtála cuimsitheacha i bhfeidhm chun go mbeidh barraí traidisiúnta agus orgánacha ábalta có-mhaireachtáil le barraí géinathraithe.
- Spreagfaidh DAF tionscnaimh thionscail chun feabhas a chur ar shábháilteacht agus ar ardchaighdeán gránach.
- Leanfaidh Teagasc ag cuidiú le feirmeoirí cur an méid is féidir lena n-aischuir ó fhiontair arbhar trína seirbhísí taighde, oiliúna agus comhairleach
- De bharr modhnuithe atá daingnithe sna socruithe athchóirithe siúcra, is iad na táirgeoirí agus an próiseálaí a dhéanfaidh cinntí ar tháirgeadh siúcra agus biatas siúcra sa todhchaí.
- Tógfaidh an Rialtas na céimeanna riachtanacha chun na socruithe cúitimh a fheidhmiú mar is gá i gcomhar leis na geallsealbhóirí cuí.

Gairneoireacht

Is eintiteas suntasach é gairneoireacht laistigh den tionscal talmhaíochta foriomlán. Soláthraíonn an earnáil ghairneoireachta réimse leathan táirgíochta inite agus ornáideach araon agus tá poitéinseal d'fhás aici i roinnt de na réimsí táirgíochta agus beidh malartaíocht allmhairithe agus onnmhairithe mar thoradh uirthi. Cuirfidh tábhacht torthaí agus glasraí in aiste bia folláin leis an méid táirgíocht úr a bheidh á ithe agus is é an toradh a

bheidh ar stíleanna beatha athraithe agus forbairtí san earnáil lónadóireacht ná níos mó éileamh ar tháirgíocht próiseáilte agus leath-ullamh.

Beidh athruithe in úsáid talún de bharr athruithe i mbeartas comhshaoil AE a osclóidh suas deiseanna don earnáil. Ag an tráth céanna beidh dúshláin shuntasacha ann don earnáil de bharr costais saothair agus fuinnimh arda. Beidh táirgiúlacht saothair agus cion margaidh feabhsaithe ar feadh na mbarraí gairneoireachta ar fad riachtanach chun aischur dóthanach a thabhairt ar na hinfheistíochtaí caipitil arda atá déanta san earnáil.

- Cuirfidh DAF leasanna táirgeoirí agus tomhaltóirí na hÉireann chun cinn an méid agus is féidir sna cainteanna ar athchóiriú sa todhchaí den chomheagraíocht margaí i dtorthaí agus glasraí. Is é an aidhm a bheidh ann ról na nEagraíochtaí Táirgíochta a threisiú ó thaobh soláthar agus margaíocht torthaí agus glasraí chun go mbeidh tionchar acu i margadh a bheidh faoi dheachtú iliomad miondíoltóirí.
- Soláthróidh DAF tacaíocht deontais a bheidh dírithe go straitéiseach ar thionscadail gairneoireachta ó thaobh táirgeadh, próiseáil agus margaíocht agus arb é an aidhm a bheidh leo feabhas a chur ar fhorbairt agus ar iomaíocht fhoriomlán na hearnála.
- Díreoidh Teagasc a gcuid clár ar thaighde, ar chomhairle agus ar oiliúint chun bonn a chur faoi iomaíochas na hearnála gairneoireachta tráchtála.
- Leanfaidh Bord Bia ag feidhmiú a Chlár Dearbhaithe Cáilíochta, agus cuirfidh sé tábhacht torthaí agus glasraí in aiste bia follâin chun cinn go láidir i gcomhar le geallsealbhóirí tionscail.
- Feidhmeoidh DAF tástáil cineálacha prátaí éifeachtúla agus éifeachtacha agus seirbhísí deimhnithe póir chun cur ar chumas Éire an stádas réimse póir de ghrád ard a choimeád agus forbairt earnáil prátaí póir iomaíoch a chothú.
- Feidhmeofar moltaí an Tascfhórsa Muisiriúin an méid agus is féidir, lena chinntiú go mbeidh an tionscal dea-bhunaithe agus go bhféadfaidh sé leas a bhaint as an poitéinseal d'fhás breise in onnmhairithe.

Orgánaigh

Cé go bhfuil éileamh tomhaltóirí ag fás, tá an earnáil beag i gcomparáid le caighdeáin Eorpacha. Ag deireadh 2005 bhí 1,090 oibritheoir cláraithe le níos lú ná 1% de thalamh feirme i dtáirgeadh orgánach. Meastar go bhfuil luach €38 milliún nó níos lú ná 1% den mhargadh bia miondíola ar fad agus tá sé ag fás ag thart ar 8% in aghaidh na bliana. Bhí sé deacair an mhais chriticiúil riachtanach a bhaint amach don uasfhorbairt i margadh chomh beag. San Eoraip ar fad is €21 billiún is fiú an margadh orgánach agus tá sé ag fás ag ráta 26% sa bhliain le gairid. Léiríonn anailísí margaidh go dtiocfaidh fás tapa faoin margadh seo de réir mar a bheidh tomhaltóirí ag díriú ar cháilíocht agus go gceannaíonn siad ar mhodh níos eiticiúla. Beidh buntáiste ag torthaí agus glasraí galánta as an gcoigríoch as cuid mhaith den fhás sin.

Tugann díchúpláil íocaíochtaí díreacha ó tháirgeadh níos mó saoirse d'fheirmeoirí chun deiseanna nua agus fiontair dhifriúla a iniúchadh, agus tá poitéinseal ag an earnáil orgánach gan dabht le leathnú sna blianta amach romhainn ar mhargaí an bhaile agus d'allmhairiú araon. Tá an príomhthacaíocht airgeadais d'fheirmeoirí orgánacha tríd an mbeart forlíontach orgánach REPS. Soláthraíonn fás margaí feirmeoirí ionad nua tábhachtach do tháirgeoirí orgánach níos lú freisin.

- Cuirfidh DAF forbairt na hearnála orgánaigh chun cinn trí thacaíocht dhíreach chuig feirmeoirí orgánacha agus trí chúnamh deontais d'infheistíocht freisin, ar an bhfeirm agus den fheirm araon.
- Treiseoidh DAF ionadaíocht próiseála agus miondíola an Ghrúpa Stiúrtha Orgánach chun fócas tráchtála na hearnála orgánaí a chur chun cinn go sonrach. Is é an taithí atá ag tíortha eile go bhfuil fíorthábhacht le forbairt a thagann as an miondíol ó thaobh fhás na hearnála orgánaí.
- Maidir leis an tionscal orgánach dhá chuspóir ag REPS sa chéad chlár eile:- a bheith níos mealltaí d'fheirmeoirí orgánacha agus chun cur le haschur an méid agus is féidir freisin.
- Oibreoidh DAF leis na comhlachtaí feirmeoireachta orgánacha agus le geallsealbhóirí eile chun muinín tomhaltóirí a choimeád in ionracas táirgí orgánacha.
- Spreagfar Margaí Feirmeoirí trí chomhairle agus tacaíocht phraiticiúil ón mBord Bia agus ón Roinn.
- Oibreoidh Teagasc le DAF agus leis na comhpháirtithe sóisialta feirmeoireachta lena chinntiú go mbeidh feirmeoirí ar an eolas go maith faoi dheiseanna atá ann san earnáil orgánach. Chuige sin neartóidh Teagasc a ghníomhaíochtaí léirithe agus oiliúna comhairle taighde orgánach.

6. Todhchaí Inbhuanaithe a Chur Chun Cinn

"Freastal ar riachtanais forbartha reatha na hearnála iomláine gan cur isteach ar phoitéinseal agus inmharthana fhorbairt fhadtéarmach na nglúinte amach romhainn."

An t-Aire Márie de Bhailís ag Coill Balrath.

Todhchaí Inbhuanaithe a Chur Chun Cinn

Is cur chuige é forbairt talmhaíochta inbuanaithe a chinntíonn go bhfreastalófar ar riachtanais forbartha reatha na hearnála gan cur isteach ar phoitéinseal agus inmharthana fhorbairt fhadtéarmach na nglúinte amach romhainn. Áirítear ar na príomhghnéithe, fócas láidir iomaíoch, mar atá pléite cheana i gCaibidil 2 agus 5, caighdeáin arda sláinte agus leasa ainmhithe, modhanna táirgíochta inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil, soláthar earraí poiblí ar nós uisce glan, taitneamhachtaí tuaithe agus tírdhreach, gnáthóga fiadhúlra agus bithéagsúlacht a choimeád, mar aon le pobail tuaithe bríomhar agus gníomhach a choimeád. Tá an cur chuige ilfheidhmeach sin ionchorpraithe sa mhodúl Eorpach de thalmhaíocht a aithníonn idirspleáchas fhachtóirí eacnamaíochta, comhshaoil agus sochaí.

Glactar leis chomh maith le hionchuir a sholáthar don tionscal agraibhia, go bhfuil ról suntasach ag talmhaíocht agus ag foraoiseacht, chun earraí poiblí éagsúla a tháirgeadh. Mar shampla tá ról tábhachtach ag foraoisí a bhíonn bainistithe go inbhuanaithe chun earraí poiblí a sholáthar, ar nós leithliseoireacht carbóin, fuinneamh in-athnuaite, éagsúlacht bitheolaíoch, taitneamhacht agus áineas. Tá tacaíocht Státchiste agus AE don earnáil talmhaíochta dírithe níos mó ar íoc as tháirgeadh na n-earraí sin, a bheadh tearc-sholáthraithe murach sin. Éilíonn glacadh poiblí den ról sin don CAP dearbhú leanúnach don tomhaltóir agus don cháiníocóir faoi na buntáistí iarbhíre a sheachadaítear.

Tá réimse leathan idirghabhálacha poiblí den sórt sin ann, ach baineann na cinn is suntasaí agus na cinn is déine ó thaobh acmhainní de le sláinte agus leas ainmhithe, agus na scéimeanna forbartha tuaithe. Áirítear le sláinte ainmhithe líon suntasach foirne as DAF agus as gníomhaireachtaí poiblí eile i ngníomhaíochtaí monatóireachta agus díothaithe a chosnaíonn sláinte tomhaltóirí, a laghdaíonn cailliúintí eacnamaíochta ó ghalar agus a bhíonn mar bhonn d'inghlacthacht ár dtáirgí bia ar mhargaí onnmhairithe. Úsáideann na scéimeanna forbartha tuaithe caiteachas poiblí, thart ar €800m in aghaidh na bliana faoi láthair, ar bhearta atá dírithe ar úsáid talún agus chun an comhshaol a chosaint agus a fheabhsú. Tá na scéimeanna sin cómhaoinithe ag an AE ach tá rogha náisiúnta suntasach i gceist agus tiomantas státchiste atá ag fás.

- Forbróidh agus feidhmeoidh an Roinn straitéisí agus gníomhartha cuí don earnáil talmhaíochta, ag teacht leis an bPlean Náisiúnta Bithéagsúlachta, le súil agus freastal ar sprioc AE stop a chur le cailleadh bithéagsúlachta faoi 2010.
- Leanfar ag obair i dtreo an sprioc d'astuithe laghdaithe ón earnáil talmhaíochta atá leagtha síos i Straitéis Athraithe Aeráide an Rialtais.
- Ag úsáid na bpríomhphrionsabal atá sa tuarascáil ó Chomhairle na Tuaithe, lorgóidh An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta comhaontú ar na saincheisteanna rochtana agus áineas tuaithe.
- Soláthróidh an Roinn dearbhuithe leanúnacha d'éifeachtacht riachtanais tras-chomhlíonta Scéim Íocaíochta Aonair don Choimisiún Eorpach agus don phobal go ginearálta.
- Tabharfar an t-athbhreithniú ardleibhéal de bheartas foraoiseachta chun críche go luath i 2006. Áireofar leis an athbhreithniú sin ar bhreithniú ghné earraí poiblí den chlár foraoiseachta.
- Cuirfidh an Roinn lena raon treoirlínte comhshaoil san earnáil fhoraoiseachta nuair a fhoilseofar Treoirlínte d'Áineas Foraoiseachta agus Treoirlíne d'ullmhú Measúnaithe Tionchar Comhshaoil, agus déanfar reachtaíocht do rialú leasacháin ón spéir freisin.

Sláinte agus Leas Ainmhithe agus Sláinte Plandaí

Tá earnáil agraibhia inbhuanaithe faoi bhonn ardchaighdeáin sláinte ainmhithe a choscann tomhaltóirí agus a choimeádann muinín tomhaltóirí i mbia sábháilte. Bhain bearta rialaithe galair ainmhithe reatha amach laghduithe seasmhacha i dtarluithe galair le suntas eacnamaíochta náisiúnta ar nós Eitinn, Brúsalóise agus BSE. Tá sé riachtanach go gcuirfear níos mó leis an méid a bhainfear amach agus go bhfaighidh na cláir tacaíocht ó réim daingean inriantachta agus míochaine tréidliachta

ionas go gcoinneofar muinín tomhaltóirí agus go leanfar lenár láithreacht ar mhargaí AE agu ar mhargaí idirnáisiúnta. Sa bhreis air sin, coimeádfar teagmhálacha leanúnacha idir na riaracháin faoi seach i mBaile Átha Claith agus i mBéal Feirste maidir le cur chuigí comhchosúla ar shaincheisteanna sláinte ainmhithe a fhorbairt.

Tá an gá le hardleibhéal leasa ainmhithe a choimeád ag leibhéal na feirme agus eile aitheanta go maith. Leanfaidh an Chomhairle Comhairleach um Leas Ainmhithe Feirme (FAWAC) ag díriú airde ar leas ainmhithe feirme chun ardchaighdeáin a chur chun cinn. Sa bhreis air sin, leanfaidh an Roinn i gcomhar le comhlachtaí feirme agus leis an ISPCA ag comhoibriú ar bhearta luathidirghabhálacha agus ar bhainistiú cásanna fadhb leasa ainmhithe. Glacann an Roinn leis go bhfuil gá le socruithe a threisiú chun ainmhithe a bhíonn a n-iompar a chosaint.

Tá stádas sláinte plandaí ard ag Éirinn. Faoi reachtaíocht náisiúnta agus AE tá cláir mhonatóireachta agus rialaithe i bhfeidhm chun cosc a chur ar thabhairt isteach agus ar scaipeadh roinnt plandaí coraintín agus lotnaidí foraoiseachta. De bharr gur oileán muid tá buntáistí suntasacha againn ár n-ardstádas sláinte plandaí a choimeád ard agus ó thaobh cúiseanna eacnamaíochta agus éiceolaíochta tá sé tábhachtach go gcoimeádfar sin.

- Treiseoidh DAF beartais, agus leanfar go háirithe leis an tionscadal taighde vacsín, a bhíonn dírithe ar tharluithe eitinne a choinneáil chun cur le sábháilteacht tomhaltóirí agus trádáil.
- Leanfar le cláir éifeachtacha Brúsalóise agus BSE, agus beifear dírithe ar an dá ghalar a dhíothú go luath.
- Sa ghearrthéarma, leanfar le faire *scrapie* do chaoirigh agus do ghabhair ionas go bhféadfar tréada a mbeidh na galraí orthu a aithint agus déileáil leo. Tar éis comhairliúcháin le leasanna cuí, tabharfar isteach clár géinitíopa do chaoirigh chun go bhféadfar caoirigh a tháirgeadh a bheidh in ann scrapie a fhrithsheasamh agus dá réir ag tabhairt tuilleadh athdhearbhuithe do thomhaltóirí.
- Spreagfaidh agus tacóidh an Roinn le forbairt tionscnamh a bheidh faoi stiúir an tionscail chun tuilleadh feabhais a chur ar shláinte ainmhithe trí bhearta a fheidhmiú chun réimse galar a bhaineann le táirgeadh in eallaigh, i gcaoirigh agus i muca a rialú.
- Tabharfar Pleanáil Teagmhasach do ráigeanna suntasacha galar cothrom le dáta agus comhordófar tuilleadh iad le geallsealbhóirí tionscail agus le Gníomhaireachtaí Stáit eile chun cur lenár gcumas déileáil le galair agus le lotnaidí coigríche.
- Cuirfear clár náisiúnta monatóireachta agus rialaithe feabhsaithe i bhfeidhm do lotnaidí plandaí agus foraoiseachta coraintín bunaithe ar anailis riosca agus ag baint úsáide as eolaíocht agus as teicneolaíochtaí a bheidh ag teacht chun cinn.
- Cuirfear le hidirchaidreamh le comhlachtaí náisiúnta eile agus le hinstitiúidí taighde le súil agus cláir thaighde agus rialaithe comhoibritheacha a fhorbairt d'orgánaigh coraintín.
- Leanfar le hobair ar fhorbairt comhbheartais ar shláinte ainmhithe agus plandaí agus ar leas ainmhithe ar bhunús an oileáin ar fad le súil agus saorghluaiseacht ainmhithe a bhaint amach ar deireadh ar an oileán.

- Athbhreithneofar an réim míochaine tréidliachta i 2006 agus coimeádfar faoi athbhreithniú é ina dhiaidh sin chun forbairtí ag leibhéal an AE a chur san áireamh, cosaint a thabhairt do shláinte agus leas an phobail agus na hainmhithe agus iomaíochas de thalmhaíocht na hÉireann a chur chun cinn.
- Athbhreithneofar an córas luath-rabhaidh ar bhonn leanúnach lena chinntiú go bhfuil sé ag baint amach a chuspóir le feabhas a chur ar leas ainmhithe trí dhéileáil le cásanna a mbeidh fadhb leo chomh luath agus is féidir.
- Forbrófar saotharlanna Tréidliachta agus Talmhaíochta DAF nua mar lárionaid barr feabhais agus eolas eolaíoch chun tacú le agus cur ar chumas feidhmiú éifeachtach cláir náisiúnta agus tionscail ar shláinte ainmhithe, sláinte plandaí agus sláinteachas bia.
- Seachas an méid a bhí léirithe cheana in alt 2.1, forbróidh an Roinn comhchláir thaighde sláinte agus leas ainmhithe le hInstitiúidí Tríú Leibhéal, le Teagasc, le heagraíochtaí feirmeoireachta agus leis an ngairm tréidliachta. Díreoidh na cláir sin, a bheidh láraithe ag an gcoimpléacs Shaotharlann Tréidliachta Lárnach nua ag an mBacastún, Co. Chill Dara ar:
  - Galair zónóiseacha a fhaire agus a rialú,
  - Na galair ainmhithe eindéimeacha a bhfuil suntas tráchtála ag baint leo a fhaire, agus
  - Aird ar leas ainmhithe a fheabhsú.
- Comhoibreoidh an ICBF go dlúth le comhoibritheoirí taighde agus le feirmeoirí chun an poitéinseal do phórú eallaigh a bhunú chun leibhéal níos ísle galair agus leas ainmhithe níos fearr a bhaint amach.
- Tógfar cur chuige forghníomhach maidir le saincheisteanna leasa agus cuirfidh DAF córas cláraithe agus bearta gaolmhara d'iompróirí ainmhithe i bhfeidhm go háirithe faoi Eanáir 2007 chun feabhas a chur ar choinníollacha ina n-iompraítear ainmhithe agus ar an mbealach sin a chinntiú féachaint an bhféadfaí leanúint le trádáil ainmhithe beo.

Forbairt Tuaithe CAP

Clúdaíonn Forbairt Tuaithe gach beart agus idirghabhálacha a mbíonn tionchar acu ar choinníollacha eacnamaíochta agus sóisialta i gceantair tuaithe. Soláthraíodh tacaíocht airgeadais dírigh suntasach do réimse leathan bearta faoi Phlean Forbartha Tuaithe CAP agus an dá chlár oibríochta réigiúnacha den NDP do 2000-2006. Faigheann ceantair thuaithe buntáiste freisin ó thionscnaimh bheartais níos ginearálta, agus cinntíonn "profáil tuaithe" ar thionscnaimh ollmhóra Rialtais go bhfaigheann sin aird chuí.

Díríonn an creat oibre tacaíochta Forbairt Tuaithe AE do 2007 go dtí 2013 ar thrí thosaíocht – iomaíochas na hearnála talmhaíochta agus foraoiseachta, an comhshaoil agus an tuath, agus ardchaighdeán saoil agus éagsúlú. Stiúróidh cláir fhorbairt tuaithe a léireoidh na tosaíochtaí sin tacaíocht náisiúnta agus AE chuig ceantair thuaithe. Sa tréimhse sin, beidh maoiniú náisiúnta chun cinn. Bíonn tionchar suntasach ag tionscnaimh i réimsí beartais eile, ar nós iompar, turasóireacht agus teileachumarsáid, ar stádas eacnamaíochta agus sóisialta pobail tuaithe agus ní mór do bheartais sna réimsí sin clár oibre forbartha tuaithe a chur san áireamh.

- Foilseoidh DAF i gcomhar leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta Straitéis Forbartha Tuaithe náisiúnta i lár 2006, tar éis comhairliúcháin fhorleathana le geallsealbhóirí. Leagfaidh sin na prionsabail do thacaíocht forbartha tuaithe go dtí 2013.
- Seolfaidh an Roinn Clár Forbartha Tuaithe CAP sa dara leath de 2006. Beidh cinntí suntasacha beartais agus státchiste don tréimhse 2007-2013 i gceist anseo do scéimeanna ollmhóra ar nós REPS, Foraoiseacht, Limistéir faoi Mhíbhuntáiste, Luathscor, Cabhair Suiteála agus bearta infheistíochta ar an bhfeirm. Áireofar sa chlár sin freisin bearta eile atá sprioctha sa trí thosaíocht AE atá luaite thuas.
- Déanfar meastóireachtaí ex-ante ar gach clár Forbartha Tuaithe a fhorbróidh tosaíochtaí do bhearta sa todhchaí. Beidh sé riachtanach luach ar airgead d'airgead poiblí a chinntiú sna bearta ar fad atá san áireamh sa chlár; ní mór na buntáistí maithe poiblí a bheith soiléir agus intomhaiste.
- De bharr go bhfuil an Rialtas tiomanta do chur chuige lánpháirtithe maidir le forbairt tuaithe, cuirfidh an Straitéis agus Clár RD náisiúnta le beartais pholasaí eile a thugann aghaidh ar fholláine sóisialta agus eacnamaíochta cheantair thuaithe.

Táirgeadh atá Inbhuanaithe don Chomhshaol

Meastar gurb í an An Scéim um Chosaint na Timpeallachta Tuaithe (REPS) an beart agrai-comhshaoil is mó ar éirigh léi san AE, ní hamháin go bhfuil sí ag dul chun sochair feirmeoirí ach téann sí chun sochair na sochaí go ginearálta trí chaomhnú an chomhshaoil, ardchaighdeán uisce níos fearr agus cosaint do bhithéagsúlacht. Ó tugadh isteach an scéim i 1994, íocadh amach os cionn €1.8 billiún le feirmeoirí na hÉireann. Tá líon na rannpháirtithe ag méadú agus bhí thart ar 48,000 feirmeoir ag feidhmiú faoi na pleananna REPS i dtreo dheireadh 2005. Mar sin féin, sa timpeallacht nua de thras-comhlíonadh, ní mór do REPS fás tuilleadh ionas go gcuirfidh sé an méid sa phobal chun cinn seachas díreach an méid atá ann a chaomhnú. Sin ceann de na dúshláin nach mór tabhairt faoi i gclár Forbartha Tuaithe 2007-2013.

Tugann forbairt bithbhreoslaí a chuidíonn leis an gcomhshaol mar ionadaí do bhreoslaí iontaise traidisiúnta deis nua agus deis a d'fhéadfadh a bheith suntasach d'úsáidí talún eile a bhíonn inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.

- Forbróidh an Roinn, i gcomhar le geallsealbhóirí cuí, scéim nua agrai-comhshaoil a chuirfidh an comhshaol agus bithéagsúlacht chun cinn go forghníomhach le cur san áireamh i gclár RD 2007 –2013. Samhlaítear go mbeidh tiomantas fíor-shuntasach d'acmhainní státchiste i gceist leo seo.
- Déanfaidh an Roinn iarracht a chinntiú go bhfeidhmeofar an scéim nua seo gan stró, le híos-ualach páipéarachas riachtanach agus ag an am céanna go gcinnteofar rialú ceart ar chistí poiblí agus éifeachtacht ó thaobh earraí poiblí a sheachadadh.
- I gcomhthéacs an Treoir Níotráití, cuirfidh an Roinn Scéim um Bhainistiú Dramhaíola Feirme nua i bhfeidhm, le incháilitheacht níos leithne agus rátaí deontais feabhsaithe, chun cur le cumas stórála sciodair ar an bhfeirm agus chun cosaint a thabhairt d'acmhainní uisce.
- Cuirfidh Teagasc dlús lena fheachtas comhairle chun tacú le táirgeoirí muc agus éanlaith i gcomhthéacs comhlíonadh a dhéanamh ar iarrataí leasa ainmhithe agus comhshaoil.
- Tacóidh DAF le taighde agus le tionscnaimh chun monatóireacht a dhéanamh agus chun feabhas a chur ar thionchar ceimicí a úsáidtear i dtalmhaíocht ar uisce, ar an aer agus ar speicis a bhíonn ina gcónaí in éiceachórais talmhaíochta.
- Feidhmeofar scéim de chúnamh deontais, a léireoidh na buntáistí a bhaineann le teicneolaíochtaí nuálacha agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn chun cóireáil a chur ar aoileach beostoic.
- Forbróidh an Roinn, i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach, clár foraoiseachta don tréimhse Forbartha Tuaithe 2007-2013, a léireoidh na luachanna comhshaoil a bhaineann e foraoiseacht, lena n-áirítear sláinte, taitneamhacht agus éagsúlacht.

7. An Plean Gníomhaíochta a Fheidhmiú

"Tá sé riachtanach go dtugann gach geallsealbhóir tiomantas na hathruithe riachtanacha a dhéanamh agus na tosaíochtaí atá leagtha amach sa cháipéis seo a leanúint"

An Plean Gníomhaíochta a Fheidhmiú

D'aithin Tuarascáil Agraifhís 2015 agus Straitéis NESC 2006 an ríthábhacht a bhaineann le fócas comhordaithe láidir chun moltaí agus straitéisí a fheidhmiú. Soláthraíonn an Plean Gníomhaíochta seo bunphlean soiléir do ghníomh, ach chun go bhfeidhmeofar go héifeachtach agus go lánpháirtithe iad, ní mór do gach geallsealbhóir, Roinn, Comhlacht Stáit, feirmeoir agus tionscal freagracht a ghlacadh as feidhmiú na ngníomhartha agus na dtionscnamh éagsúla atá leagtha amach sa Phlean seo.

Is Plean uaillmhianach é seo, atá bunaithe ar nithe iomaíocha fíor a bheidh os comhair na hearnála sna blianta amach romhainn. Beidh smaointeoireacht agus cur chuigí nua ag teastáil ó go leor dóibh sin atá rannpháirteach san earnáil chun go n-éireoidh lena fheidhmiú. Tá sé riachtanach mar sin go dtugann gach geallsealbhóir tiomantas na hathruithe riachtanacha a dhéanamh agus na tosaíochtaí atá leagtha amach sa cháipéis seo a leanúint.

- Déanfar dul chun cinn ar fheidhmiú an Phlean seo a mheasúnú gach bliain i dtuarascáil bhliantúil an Aire.
- Athbhreithneoidh DAF a struchtúr agus straitéisí oibríochta reatha i 2006 chun na hathruithe a d'fhéadfadh a bheith riachtanach a bhreithniú chun na tosaíochtaí nua atá leagtha amach sa Phlean seo a léiriú.
- Breithneoidh Teagasc agus Bord Bia impleachtaí an phlean seo freisin dá n-eagraíochtaí.
- Bunófar fóram ina mbeidh na príomhgheallsealbhóirí príobháideacha lean n-áirítear feirmeoirí, próiseálaithe agus miondíoltóirí mar aon leis na comhlachtaí poiblí cuí chun breithniú a dhéanamh ar phríomhcheisteanna maidir le todhchaí na hearnála. Gheobhaidh an fóram freisin tuairiscí ar dhul chun cinn an phlean gnímh seo agus díreoidh go sonrach ar na gníomhartha a bheidh riachtanach ón earnáil phríobháideach ó thaobh a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh.



agraifhís
2015